Foras na Gaeilge

# Plean Gnó 2023

31 Márta 2023

*Faofa ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas 29 Bealtaine 2024*

## Clár an Ábhair


1. **Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** **2**
2. **Cúlra** **4**
3. **Athbhreithniú feidhmíochta** **7**
4. **Mórchuspóirí straitéiseacha, spriocanna & gníomhartha:** **10**
   - *Mórchuspóir A: Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht*
   - *Mórchuspóir B: Spásanna agus Láithreacha, Gréasáin agus Deiseanna.*
   - *Mórchuspóir C: Cumarsáid, Feasacht agus Abhcóideacht*
   - *Mórchuspóir D: Acmhainní, Maoiniú agus Luacháil*

4. **Táscairí feidhmíochta do na gníomhartha sin** **35**

5. **Eolas Airgeadais** **73**

*6.* **Giorrúcháin:** Liosta giorrúchán a úsáidtear sa téacs **75**

## Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá lúcháir orm plean gnó 2023 a chur i láthair. Is é seo an chéad phlean gnó sa tréimhse chorparáideach 2023-2025. Tá an plean gnó seo ag tógáil ar obair a rinne Foras na Gaeilge agus ár gcuid comhpháirtithe le linn 2022. Ar ndóigh, le linn na bliana sin, bhí earnáil na Gaeilge, mar aon le gach cuid eile den tsochaí ag dul i ngleic le hiarmhairtí na paindéime domhanda. De bharr na srianta a bhain leis an bpaindéim dhomhanda in 2020 agus 2021, b'éigean d'Fhoras na Gaeilge agus dár gcomhpháirtithe cuid den obair a bhí beartaithe do na blianta sin a iompar chun tosaigh le críochnú le linn 2022.

Le linn 2023 beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh tógáil ar an gcomhpháirtíocht leis na sé cheanneagraíocht. Beidh Glór na nGael, trína scéim *Céimeanna*, agus tríd an tacaíocht a chuireann siad ar fáil do na grúpaí pobalbhunaithe ag tacú le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail. Le tacaíocht Ghlór na nGael, agus a scéim *Gradaim Ghnó na hÉireann,* beimid ag cur dlús le forbairt na Gaeilge i réimse an ghnó. Lena chois sin, beidh Foras na Gaeilge ag leanúint leis an infheistíocht i bpobail Ghaeilge ar fud an oileáin tríd an Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge, tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, agus trí na scéimeanna eile a chuireann deiseanna agus gréasáin úsáide Gaeilge chun cinn sa phobal.

Beimid ag iarraidh tógáil ar na tionscadail éagsúla a cuireadh i bhfeidhm in 2022 chun an léitheoireacht agus an fhoilsitheoireacht a fhorbairt trí chomhpháirtíocht leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaeloideachais, chun an léitheoireacht a chur chun cinn i measc daltaí scoile. Beimid ag iarraidh leanúint leis na comhpháirtíochtaí le Leabhair Pháistí Éireann agus le Lá Domhanda na Leabhar. Lena chois sin, beidh forbairtí suntasacha le déanamh againn lenár n-áisíneacht dáileacháin leabhar (ÁIS) le cur leis an tseirbhís a chuirimid ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus do na siopaí leabhar. Beimid ag iarraidh tógáil ar an obair mhargaíochta a dhéanaimid i réimse na leabhar le go mbeidh teacht ar leabhair Ghaeilge ag pobail Ghaeilge ar fud an oileáin agus le cur leis an bpobal léitheoireachta Gaeilge go háirithe sna ceantair phleanála teanga.

Beimid ag méadú an chiste a bheidh ar fáil don Chiste Tionscadal chun tionscadail nuálacha, forbairt coincheapa nua agus tionscadail a mbeidh tionchar leathan acu ar earnáil na Gaeilge agus ar phobal na Gaeilge.

Le linn 2023 beidh tús le cur le feidhmiú pleananna teanga seacht mbliana in dhá bhaile seirbhíse Gaeltachta bhreise atá faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoi láthair lena bhfaomhadh, agus beidh pleananna teanga á n-ullmhú i sé bhaile eile.

Beimid ag cur béim mhór arís ar fheachtais feasachta dírithe ar chúrsaí oideachais i ndlínse Rialtas na hÉireann leis na hathruithe atá an Roinn Oideachais a bheartú don Ghaeloideachas ina bpolasaí don oideachas lán-Ghaeilge, agus do mhúineadh na Gaeilge. Beidh feasacht le hardú i measc phobal na Gaeilge sa dá dhlínse maidir leis na deiseanna a thiocfaidh as an dá

mhórphíosa reachtaíochta a faomhadh in 2021 agus 2022, Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2021, agus an Bille Teanga agus Féiniúlachta (Tuaisceart Éireann). Beidh Foras na Gaeilge ag obair go dlúth le Conradh na Gaeilge, agus leis an dá rialtas chun a chinntiú go mbíonn eolas ag pobal na Gaeilge thuaidh agus theas faoi na deiseanna a bheidh ann de bharr na bhforbairtí seo. Beimid ag leanúint de bheith ag cur béim arís ar fheasacht sna ceantair phleanáil teanga, le tógáil ar fheachtas *Gaelphobal* a cuireadh i gcrích in 2022, agus trí na meáin shóisialta i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge.

Maidir lenár bhfreagrachtaí reachtúla i leith na foclóireachta, beidh an fhoireann nua a earcaíodh le linn 2022 i mbun oibre ar an bhfoclóir aonteangach Gaeilge agus ar an bhfoclóir Gaeilge:Béarla agus muid ag súil le 16,000 aonad céille a chur in eagar, le linn 2023.

Le linn 2022, bhuail Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge le ceannasaithe cuid mhór de na forais stáit i ndlínse Rialtas na hÉireann san earnáil chultúir. Le linn 2023, beimid ag iarraidh tógáil ar an gcaidreamh sin trí fhóram a bhunú de na forais stáit chun go mbeidh siad ábalta tabhairt faoina ndualgais agus a bhfreagrachtaí reachtúla i leith na Gaeilge.

Beidh 2023 ina bliain thábhachtach don Ghaeilge, agus athruithe móra i ndán di i réimse na reachtaíochta, na pleanála teanga, agus an oideachais. Beidh mórstraitéisí rialtais á bhfoilsiú d'fhorbairt na Gaeilge i dlínse an Fheidhmeannais, do na healaíona teanga-bhunaithe i ndlínse Rialtas na hÉireann agus beidh plean gnímh le foilsiú don straitéis dhigiteach don Ghaeilge . Le cois ár scéimeanna tacaíochtaí éagsúla thar raon leathan réimsí, beidh Foras na Gaeilge ag súil go mór le tacú leis na mórfhorbairtí seo agus ag tógáil ar an obair mhór atá ar siúl i mórán pobal ar fud an oileáin chun an Ghaeilge a fhorbairt.

*Seán Ó Coinn*
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge

## Cúlra

Is é Foras na Gaeilge an ghníomhaireacht Ghaeilge agus is é Gníomhaireacht na hUltaise an ghníomhaireacht Ultaise a chomhdhéanann le chéile An Foras Teanga. Tá an Foras Teanga ar cheann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus *The North/South (Co-operation) (Northern Ireland) Order* 1999. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá sannta d'Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart, agus i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- dtionscadal tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, de réir mar a mheastar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh ;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) agus go háirithe don aire ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) i ndlínse Rialtas na hÉireann agus don aire ar an Roinn Pobal (RP) i ndlínse an Fheidhmeannais.

**Ráiteas misin Fhoras na Gaeilge**

Úsáid na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú agus a normalú agus saíocht na Gaeilge a roinnt leis an saol.

**Ráiteas físe Fhoras na Gaeilge**

An Ghaeilge a bheith neadaithe agus normalaithe i measc an mhórphobail ar fud an oileáin agus feasacht ar shaíocht na Gaeilge a chur chun cinn.

**Comhthéacs dlíthiúil agus polasaí**

Sainmhíníonn Bunreacht na hÉireann, polasaí rialtais, forálacha agus breitheanna dlí agus tionscnaimh agus cleachtais a nglactar leo chun an teanga a chur chun cinn, go háirithe Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*,* Bille Teanga agus Féiniúlachta (Tuaisceart Éireann) 2022, Acht na Gaeltachta 2012*,* An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999*,* Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006, agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tá, gan dabht, reachtaíocht bhunaidh ann: *The North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order* 1999. De réir *Ré Nua Cur Chuige Nua*, tá straitéis nua don Ghaeilge á forbairt le cur faoi bhráid Fheidhmeannas TÉ.

Tá na cuspóirí sa phlean gnó seo agus na torthaí a thiocfaidh astu ceangailte go dlúth leis na tionscnaimh pholasaí reatha teanga atá luaite sa dá dhlínse, agus leasófar an plean dá réir i bhfianaise eolas breise fúthusan nó leasuithe orthu.

*Plean Gnó 2023* i bhfianaise *Plean Gnó 2022* agus *Plean Corparáideach 2020-2022*

Eagras é Foras na Gaeilge a bhfuil dualgais reachtúla air, agus déantar athbhreithniú dá réir sin ar bhonn rialta ar a struchtúr eagraíochtúil lena dheimhniú go bhfuil sé in oiriúint dóibh siúd agus don timpeallacht oibríochtúil i gcoitinne. Rinneadh dul chun cinn áirithe le linn thréimhse Phlean Chorparáideach 2020-2022 maidir le feidhmiú na struchtúr a bhaineann leis na ceanneagraíochtaí. Tá próiseas athbhreithnithe ar siúl maidir leis na struchtúir sin, agus leanfar den athbhreithniú sin, agus den phleanáil ar bhonn níos fadtéarmaí do thodhchaí na struchtúr agus do thodhchaí struchtúr Fhoras na Gaeilge féin. Bhí Foras na Gaeilge airdeallach agus Plean Gnó 2023 á fhorbairt, ar impleachtaí na gClár Rialtais sa dá dhlinse, *Ráiteas Straitéise* RTCEGSM agus straitéis 5-bliana na RP, *Building Inclusive Communities*.

Is é atá sa phlean gnó seo cur síos ar na torthaí atá Foras na Gaeilge ag iarraidh a bhaint amach sa bhliain 2023 de réir na mórchuspóirí atá luaite sa Plean Corparáideach nua do tréimhse 2023-2025. Measúnófar an dul chun cinn maidir le feidhmiú an phlean i rith na bliana féachaint an bhfuil sé ábhartha, réalaíoch agus indéanta i gcónaí. Déanfar é a thomhas de réir spriocanna.

**Monatóireacht, luacháil agus tuairisciú agus ailíniú le Cláir Rialtais**

Tá socruithe sainiúla ann maidir le monatóireacht, luacháil agus tuairisciú ar an bPlean Gnó atá aontaithe leis na Ranna Urraíochta. Products Síníonn na páirtithe ábhartha comhaontú seirbhíse foirmiúil gach bliain a thagraíonn go sonrach don Phlean Gnó bliantúil. Anuas ar na cruinnithe den CATT, eagraítear sraith de chruinnithe monatóireachta gach bliain ina gcuirtear tuairiscí

foirmiúla ar fáil ar an dul chun cinn ar an bPlean Gnó do na Ranna Urraíochta. Bíonn teagmháil rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta faoi ghnéithe praiticiúla dá mbíonn sa Phlean Gnó. Sa tslí seo deimhnítear go bhfuil an Plean Gnó ailínithe le Clár an Rialtais sa dá dhlínse. Tuairiscítear go foirmiúil faoi dul chun cinn ar ghnéithe ar leith den obair – tuairiscítear faoi dhul chun cinn ar mhíreanna de *Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030,* trí na struchtúir atá bunaithe ag an Rialtas don Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana – agus freagraítear ceisteanna Dála agus Tionóil ar éileamh. Bíonn Foras na Gaeilge ar fáil do Choistí Dála agus Tionóil i gcónaí freisin le tuairisc a thabhairt dóibh ar obair na heagraíochta.

**Maoiniú**

Aon áit a dtagraítear sa phlean seo do mhaoiniú a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí nó d'eagrais, is faoi réir critéir réamhshocraithe agus/nó cásanna gnó, más cuí, a dhéanfar é sin.

De bharr choimitmintí Rialtas na hÉireann faoi *Ré Nua Cur Chuige Nua*, beidh maoiniú substainteach á chur ar fáil ag Rialtas na hÉireann le tacú le forbairt na pleanála teanga i ndlínse an Fheidhmeannais le linn thréimhse an Phlean Gnó seo.

## Athbhreithniú Feidhmíochta

Tá an t-athbhreithniú feidhmíochta gairid seo ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2022 á ullmhú i gcomhthéacs na struchtúr tuairiscithe agus monatóireachta a bhí in úsáid ar bhonn leanúnach le linn na trémhse, mar atá:

- gur chuir Foras na Gaeilge dréacht dá Phlean Gnó bliantúil faoi bhráid na n-údarás cuí gach bliain;
- gur síníodh comhaontú seirbhíse gach bliain mar chomhaontú foirmiúil idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta faoi obair na bliana sin;
- go n-eagraítear cruinnithe monatóireachta rialta (in aghaidh na ráithe, de ghnáth) ina gcuireann Foras na Gaeilge síos go foirmiúil (i bhfoirm cáipéisíochta de réir múnlaí comhaontaithe) ar dhul chun cinn ar phleananna oibre agus ar shaincheisteanna ábhartha eile de réir mar a thiocfaidh a leithéid chun cinn;
- go n-eagraítear cruinnithe rialta den CATT (má tá sin indéanta), ina gcuirtear tuairisc ar fáil ar dhul chun cinn ar obair na heagraíochta; agus
- go mbíonn teagmháil agus cumarsáid rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta.

Is i réimse an phobail a rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó in 2022. Rinneadh timpeall €11 mhilliún d'infheistíocht i réimsí agus i dtionscadail éagsúla a thacaíonn le forbairt na Gaeilge sa phobal (os cionn €1 as gach €2 de bhuiséad Fhoras na Gaeilge) trí na sé cheanneagraíocht Ghaeilge, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, tacaíocht d'ionaid Ghaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, campaí samhraidh, agus ealaíon.

I réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta, tháinig méadú arís eile ar líon úsáideoirí shuíomhanna Fhoras na Gaeilge le linn 2022: 2.5 milliún úsáideoir ar focloir.ie (ardú 8% ó 2020), agus 2.8 milliún úsáideoir ar teanglann.ie (ardú 25% ó 2019). Le linn 2022, chuir Foras na Gaeilge tús le dhá mhórthionscadal nua i réimse na foclóireachta - foclóir aonteangach Gaeilge ar líne agus foclóir Gaeilge:Béarla ar líne. Beidh na chéad torthaí as na tionscadail cúig bliana seo againn le linn 2023.

In 2022, agus Foras na Gaeilge ag plé le hardú suntasach inár mbuiséad bonnlíne den chéad uair ó bhí 2008 ann, d'éirigh linn cur le ciste na scéimeanna pobail, mar shampla Scéimeanna Imeachtaí Óige agus Campaí Samhraidh, agus d'éirigh linn tabhairt faoi thionscadail a mbeidh dea-thionchar acu san fhadtéarma ar phobail sa dá dhlínse ina bhfuil an teanga á forbairt. Baineadh leas as formhór an mhaoinithe bhreise sin le cur le deiseanna úsáide agus gréasáin

úsáide Gaeilge ar fud an oileáin. Chuir Foras na Gaeilge ciste d'os cionn €720,000 ar fáil le tús a chur le scéim úr le tacú le hionaid Ghaeilge ar fud an oileáin, agus tá sé ionad déag ag fáil tacaíochta ón scéim sin. Cuireadh tús le forbairtí eile maidir leis an bpleanáil teanga – cuireadh tús leis an scéim a thacaíonn le hoifigigh Ghaeilge sa phobal – Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, fostaíodh oifigigh Ghaeilge sna Líonraí Gaeilge agus ceadaíodh maoiniú mór do ghrúpaí pobail le pleananna teanga a chur i bhfeidhm sna bailte seirbhíse Gaeltachta Leitir Ceanainn, Cathair na Gaillimhe, Trá Lí agus Caisleán an Bharraigh. Tá coistí pleanála bunaithe i dtrí bhaile seirbhíse Gaeltachta eile, agus tá dhá dhréachtphlean seolta chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán lena bhfaomhadh. Tríd an maoiniú a chuirtear ar fáil do ghrúpaí pobail, tá sé oifigeach is tríocha fostaithe ar fud an oileáin ag forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail. Tá plean teanga seacht mbliana i bhfeidhm i gcúig líonra Gaeilge agus ceithre bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

Chuir Foras na Gaeilge dhá mhórthionscadal feasachta i gcrích le linn 2022, feachtas *Gaelphobal* dírithe ar na ceantair phleanáil teanga, agus *Creidim Ionat*, dírithe ar mhórphobal an oileáin i gcomhpháirt le RTÉ. D'éirigh go han-mhaith leis an dá thionscadal sin, agus pobail níos líonmhaire agus níos leithne á mbaint amach ag ár n-iarrachtaí aird an phobail a dhíriú ar an nGaeilge. De bharr gníomhaíochtaí éagsúla i réimse na cumarsáide, tháinig ardú 4% ar líon na ndaoine atá ár leanúint anois ar na meáin shóisialta, agus méadú as cuimse ar líon na n-idirghníomhaíochtaí.

Ardaíodh an díolachán leabhar leis na siopaí leabhar arís in 2022, agus tháinig Foras na Gaeilge i láthair Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge sa Oireachtas le plé a dhéanamh ar na feabhsuithe atá de dhíth i réimsí na foilsitheoireachta agus na léitheoireachta. I dtionscadail chomhpháirtíochta le Leabhair Pháistí Éireann, agus Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, cuireadh boscaí de leabhair Ghaeilge amach chuig 1,200 scoil ar fud an oileáin. Lena chois sin, chuamar i gcomhpháirt le Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar le go mbeadh leabhar Gaeilge ainmnithe mar chuid den fheachtas sin, agus trí mhaoiniú a chuir muid ar fáil don fheachtas *LoveLeabharGaeilge* bhí catagóir Gaeilge i nGradaim Leabhar an Post.

Lean foireann Fhoras na Gaeilge, le linn na bliana, ag cur i bhfeidhm ár ról ionadaíochta agus comhairle. Bhí sraith de chruinnithe ardleibhéil againn le ceannasaithe sna Comhairlí Áitiúla a bhfuil pleananna teanga i bhfeidhm ina gceantair, faoina dtacaíocht do na pleananna teanga sin. Bhí cruinnithe ardleibhéil againn le ceannasaithe na bhForas Cultúir Stáit i ndlínse Rialtas na hÉireann, faoina ndualgais i leith na Gaeilge faoin reachtaíocht. Bhí roinnt cruinnithe againn le hairí sa dá rialtas – an tAire Airgeadais agus an tAire Pobal i ndlínse an Fheidhmeannais

agus i ndlínse Rialtas na hÉireann, bhí cruinnithe againn leis an Aire sinsearach, leis an Aire Stáit in RTCEGSM, agus leis an Aire Oideachais. Tá oifigigh de chuid Fhoras na Gaeilge ina n-ionadaithe thar ceann na Gaeilge ar bhoird eagraíochtaí stáit sa dá dhlínse, ina measc an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaeloideachais, an Chomhairle Curaclaim Náisiúnta agus Measúnachta, Comhairle na Gaelscolaíochta, Comhchoiste Gaeilge Údarás Craolacháin Éireann, agus an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge.

I réimse an oideachais, tá aip foilsithe againn ar *Séideán Sí*, an tsraith litearthachta le haghaidh Gaelscoileanna, agus tá taighde curtha ar bun againn ar na chéad fhorbairtí eile a bheidh le déanamh leis an tsraith. Bhí os cionn 6,000 dalta bunscoile in 111 bunscoil páirteach sa tionscadal *Scríobh Leabhar.* Le tacaíocht mhaoinithe ó Fhoras na Gaeilge, d'éirigh le Turas a gcéad bhliain de Naíscoil na Seolta a chur i gcrích le linn 2022, agus tá pleananna faoi lán seoil anois do bhunú oideachas bunscoile lán-Ghaeilge faoina stiúir.

Le cois na gcomhpháirtíochtaí atá luaite thuas, i réimse na leabhar, tháinig an tionscadal comhpháirtíochta a bhí againn le Chomhairle Uladh CLG chun críche le linn 2022, agus roinnt tionscnamh bunaithe anois faoin gcomhpháirtíocht sin a chuirfidh le húsáid na Gaeilge i gclubanna CLG, agus sna struchtúir éagsúla eile sa chúige. Tá tús curtha le comhpháirtíocht nua anois le CLG Comhairle na Mumhan a mhairfidh trí bliana.

Bliain mhór a bhí sa bhliain 2022 do chlár Cholmcille Fhoras na Gaeilge, agus d'éirigh linn, trí chomóradh 1,500 bliain ar bhreith an naoimh, aird an phobail a tharraingt ar na naisc idir oidhreacht Cholmcille in Éirinn agus in Albain. Cuireadh coimisiún déag in áit mar chuid den chomóradh 1,500 bliain, agus cuireadh críoch ar *Cholmcille 1500* le hócáidí in Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath agus i nGleann Cholmcille.

Go hinmheánach, d'éirigh le Foras na Gaeilge, forbairtí a thabhairt chun críche inár gcórais oibre: tá an córas comhtháite le haghaidh iarratas ar líne ag feidhmiú anois, mar atá an córas MS Office 365, dhá rud a chuirfidh go mór lenár gcumas plé leis an bpobal, agus a chuirfidh go mór lenár n-éifeachtacht mar eagraíocht.

Ba bhliain ghnóthach thorthúil í 2022 d'Fhoras na Gaeilge agus dár bpáirtithe leasmhara, idir cheanneagraíochtaí agus deontaithe eile thar an raon leathan réimsí a mbímid ag plé leo ar bhonn leanúnach. Tá ár mbuíochas tuillte ag ár gcomhpháirtithe, ár bpáirtithe leasmhara, ár bpobail Ghaeilge ar fud an oileáin, agus ag ár mbaill foirne as a dtiomantas agus a ndúthracht agus muid, i gcomhar le chéile, ag cur le húsáid na Gaeilge sa tsochaí.

## 4. Mórchuspóirí straitéiseacha, spriocanna gnó agus na gníomhartha leis na cuspóirí a bhaint amach

### Mórchuspóir A: Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht

| Fochuspóir A1: Foghlaim, daingniú agus saibhriú na Gaeilge a chur chun cinn | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **A1: 1** Forbairt a dhéanamh ar na mór-réimsí seo a leanas: Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile (Gael Linn), an Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge (Gaeloideachas) agus forbairt deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga (Cumann na bhFiann), **trí mhaoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí lena gclár oibre** réamhaontaithe a chur i gcrích.<br><br>Cruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis na ceanneagraíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna oibre do 2023.<br><br>Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ó na ceanneagraíochtaí thuasluaite, an t-iarratas a mheas, deontas a mholadh agus a bheith ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024 | Daoine óga/daltaí scoile; mic léinn; foghlaimeoirí; múinteoirí; tuismitheoirí; scoilphobail. | Ceanneagraíochtaí cuí; ranna stáit; RTCEGSM[1]; na ranna oideachais; RLCMLÓ. | Feidhmeanna FnaG;<br>CCC CATT. |
| **A1: 2** Líon na ndaltaí atá ag tabhairt faoin nGaeilge sna **scoileanna Béarla i ndlínse an Fheidhmeannais a ardú** trí fheachtais a bhunú i gcomhar le Gael Linn agus eagraíochtaí oideachasúla eile i leith thábhacht na Gaeilge d'fhéiniúlacht an duine óig, buntáistí an dátheangachais agus deiseanna fostaíochta. | Daltaí;<br>múinteoirí (Gaeilge agus gairmthreorach); tuismitheoirí agus príomhoidí. | Eagraíochtaí oideachasúla. | Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 3** Comhairle a thabhairt do na húdaráis chuí trí chruinnithe a eagrú leis an Roinn Oideachais agus leis an CCEA faoin tábhacht a bhaineann le teangacha | Daltaí; | An RO i ndlínse an Fheidhmeannais; | Feidhmeanna FnaG. |

[1] Tá liosta de na giorrúcháin atá in úsáid ag deireadh na cáipéise.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (seachas an Béarla sna scoileanna Béarla agus an Ghaeilge/an Béarla sna Gaelscoileanna) a bheith éigeantach ag leibhéal TGMO. | múinteoirí (Gaeilge agus Gairmthreorach); tuismitheoirí agus príomhoidí; scoilphobail. | CCEA. | |
| **A1: 4 Feachtas a bhunú** i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus eagraíochtaí oideachasúla eile **leis an nGaeilge a láidriú** sna scoileanna T1 agus T2 le go mbeidh ardú ar líon na ndaltaí a leanann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal (múinteoirí agus gairmeacha eile). | Daltaí; múinteoirí (Gaeilge agus Gairmthreoir); tuismitheoirí agus príomhoidí. | Eagraíochtaí oideachasúla; Conradh na Gaeilge. | Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 5** Scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do dhaoine óga, daoine fásta agus teaghlaigh trí mhaoiniú a chur ar fáil do Ghael Linn, Cumann an Phiarsaigh agus Conradh na Gaeilge tríd an scéim scoláireachtaí reatha a riar le linn 2023 chomh maith le scéim nua a fhorbairt, a bheith faofa agus i bhfeidhm do 2024 go 2026 | Daoine óga; foghlaimeoirí fásta; teaghlaigh. | Gael Linn; Conradh na Gaeilge; Cumann an Phiarsaigh. | S20B (Oideachas) agus PG5; Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **A1: 6 Soláthar naíscolaíochta a chur ar fáil i bpobal réamhaitheanta** trí mhaoiniú a chur ar fáil do choiste nua agus trí bhunú naíscoileanna a éascú, ag díriú ar líonraí, BSGanna, LPTanna agus SFLGanna i gcomhar leis na heagraíochtaí oideachasúla ábhartha. | Daoine óga, tuismitheoirí; grúpaí ceantarbhunaithe. (líonraí; BSGanna; LPTanna; SFLGanna). | Glór na nGael; Gaeloideachas; Comhairle na Gaelscolaíochta; Altram. | Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) agus PG5. |
| **A1: 7** Tionscadail oideachasúla a fhorbairt (acmhainní, riachtanais teicneolaíochta san áireamh) trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail de réir mar a thagann siad chun tosaigh. | Daoine óga/daltaí; múinteoirí; grúpaí pobail. | Comhlachtaí agus grúpaí ábhartha. | Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas; na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5. |
| **A1: 8** An scríbhneoireacht i measc na n-óg a chothú tríd an tionscadal **Scríobh Leabhar** i gcomhpháirt le hionaid oideachais éagsúla ar bhonn uile-oileáin mar aon leis na leabhair a scríobhann na páistí a chur i láthair an phobail ar forasnagaeilge.ie/scríobhleabhar | Daltaí bunscoile; tuismitheoirí; múinteoirí. | Ionaid oideachais éagsúla; an tÁisaonad. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A1: 9** Oideachas agus oiliúint phobal na Gaeilge (i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair ina bhfuil líonra, nó pobal Gaeilge) a éascú agus a shaibhriú **trí fhoclóir aonteangach Gaeilge a fhoilsiú ar line.** An chéad 16,000 aonad céille le cur in eagar in 2023.<br><br>Oideachas agus oiliúint an mhórphobail a éascú agus a shaibhriú trí fhoclóir nua Gaeilge-Béarla a fhoilsiú ar líne. An chéad 16,000 aonad céille le cur in eagar in 2023. | Pobal na Gaeltachta agus an Ghaeloideachais; foghlaimeoirí Gaeilge; pobal na teanga in Éirinn agus thar lear. | RTCEGSM; RP; na ranna oideachais. | S20B (Foclóirí) agus PG5;<br>Feidhmeanna FnaG;<br>ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú - 'Na teangacha dúchasacha a chur chun cinn agus a fhorbairt chun tacú le rochtain níos leithne ar dheiseanna, eispéireas agus seirbhísí'). |
| **A1: 10** Nuathéarmaíocht a fhaomhadh do réimsí nua ábhair ag brath ar éileamh ó úsáideoirí institiúideacha agus ón bpobal i gcoitinne. | Pobal na teanga in Éirinn agus thar lear. | An Coiste Téarmaíochta. | S20B (Foclóirí) agus PG5;<br>ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú);<br>feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 11a** Riar ar riachtanais oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile trí fhoilseacháin agus áiseanna scoile a chur ar fáil dírithe ar na curaclaim ábhartha trí chruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis an Áisaonad chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a phlean oibre do 2023.<br><br>Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ón Áisaonad, an t-iarratas a mheas, deontas a mholadh agus a bheith ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024 | Daltaí agus múinteoirí scoile. | Na ranna oideachais; COGG; múinteoirí agus scoileanna; CCEA; an tÁisaonad; an Gúm. | S20B (Oideachas) agus PG5;<br>Feidhmeanna FnaG;<br>CCC CATT.<br>Polasaí don Oideachas Gaeltachta.<br>Curaclam Teanga na Bunscoile |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A1: 11b** Leanúint de bheith ag soláthar foilseacháin ardchaighdeáin agus ábhar léitheoireachta do léitheoirí Gaeilge idir óg agus aosta. | Pobal na teanga in Éirinn agus thar lear. | Údair, aistritheoirí, foilsitheoirí thar lear | 20B agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 12** Athchló a chur ar fhoilseacháin bhunscoile agus iar-bhunscoile de réir mar is gá. | Daltaí agus múinteoirí scoile. | Áis; COGG; an tÁisaonad. | S20B agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 13** Leanúint de bheith ag forbairt agus ag foilsiú áiseanna iar-bhunscoile. Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na n-áiseanna iar-bhunscoile. Pleananna a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil na háiseanna iar-bhunscoile ag freastal ar riachtanais na ndaltaí agus na múinteoirí. Caidreamh agus cumarsáid leanúnach a chothú idir na páirtithe leasmhara eile atá ag treabhadh sa ghort chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na hearnála. | Daltaí agus múinteoirí scoile. | OCBÁC; COGG; RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann); múinteoirí agus scoileanna. | Bunaithe ar thionscadal taighde atá ar siúl ag OCBÁC; Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 14**<br>**1)** Athbhreithniú a dhéanamh ar *Séideán Sí* chun a chinntiú go bhfuil spriocanna an phacáiste ag teacht le Curaclam Teanga na Bunscoile.<br>**2)** Pleananna chun aon ábhar is gá a athscríobh nó a nuashonrú de réir an athbhreithnithe a réiteach agus a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>3) Tús a chur le pleanáil chun áiseanna nua a fhorbairt. | Daltaí agus múinteoirí scoile. | Múinteoirí; scoileanna; comhairleoirí oideachais; RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann). | Curaclam Teanga na Bunscoile i ndlínse Rialtas na hÉireann agus aiseolas ó mhúinteoirí a bhfuil an clár in úsáid acu agus ó chomhairleoirí a bhfuil saineolas acu mar gheall ar an réimse agus ar an gclár; Feidhmeanna FnaG. |
| **A1: 15** Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Oiliúna Gaeilge don Earnáil Phoiblí. Soláthróir le roghnú i 2022 agus spriocanna le haontú leo do na blianta acadúla ó 2022 go 2025 | Fostaithe san earnáil phoiblí. | Comhlachtaí poiblí; soláthróirí oiliúna. | S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal) agus PG5; ATO 2003 agus ATO(L) 2021; agus Acht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Féiniúlachta agus Teanga. |

| Fochuspóir A2: Tacú le hoiliúint ábhar oidí, céimithe agus múinteoirí oilte (oidí teanga agus ábhar araon) agus múinteoirí bunscoile sa chóras T2 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **A2: 1** Comhairle a chur ar RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann) maidir le dea-chleachtas sa tumoideachas trí ionadaíocht a dhéanamh agus ionchur a dhéanamh ar fhóraim éagsúla le linn na bliana ar cheist an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus Oideachas Lán-Ghaeilge. | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí Gaeilge; múinteoirí. | Ranna stáit; RTCEGSM; RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann); ollscoileanna. | S20B (Oideachas) agus PG5; Feidhmeanna FnaG; Polasaí don Oideachas Gaeltachta. |
| **A2: 2** Rochtain tuisimitheoirí agus pobail ar sholáthair réamhscolaíochta trí Ghaeilge dá bpáistí a mhéadú trí ionadaíocht a dhéanamh le linn na bliana ag cruinnithe le heagraíochtaí leasmhara in earnáil an oideachais agus na réamhscolaíochta. | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí Gaeilge; múinteoirí. | COGG; CNCM; RLCMLÓ; Comhairle na Gaelscolaíochta; an tÚdarás Oideachais; CCEA; meithleacha oibre. | Feidhmeanna FnaG; ATPI 2020-2025. |
| **A2: 3** Tionchar a imirt agus comhairle a chur ar na ranna oideachais agus na páirtithe leasmhara in earnáil an oideachais trí fhreastal a dhéanamh ar chruinnithe agus trí aighneachtaí a ullmhú (de réir mar is cuí) ar fhóraim chomhoibrithe. | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí Gaeilge; múinteoirí. | Na ranna oideachais. | Feidhmeanna FnaG; APTI 2020-2025. |
| **A2: 4** Tacú le múinteoirí agus daoine óga an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn ina gcuid scoilphobal trí mhaoiniú ar luach €120,000 a chur ar fáil do Ghael Linn don Ghaelbhratach le linn 2023. Déanfar measúnú agus moladh maoinithe don bhord ar iarratas Ghael Linn don Ghaelbhratach don bhliain 2024 | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail. | RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann); Gael Linn. | Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) agus PG5; APTI 202-2025; CCC CATT. |
| **A2: 5** Tacaíocht a chur ar fáil d'abhair oidí agus múinteoirí trí chomhairle a thabhairt agus trí chláir oibre na gceanneagraíochtaí seo a leanas a mhaoiniú le linn 2023 agus trí iarratais a mheas agus maoiniú a mholadh do chláracha oibre | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí | Gael Linn; Gaeloideachas. | Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2024 – Gael Linn (Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile) agus Gaeloideachas (an Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge). | Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail. | | agus PG5; APTI 2020-2025; CCC CATT. |
| **A2: 6** Forbairt a dhéanamh ar líon agus ar éagsúlacht an raoin acmhainní atá ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chlár oibre an Áisaonaid do 2023 chomh maith le clár oibre a aontú do 2024 trí iarratas a mheas agus moladh a dhéanamh don bhord. | Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimeoirí Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail. | Na ranna oideachais; an tÚdarás Oideachais; CCEA; IMSGO; ALTRAM; Comhairle na Gaelscolaíochta; COGG. | Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **A2: 7** Cur le feasacht an phobail ar na deiseanna agus áiseanna a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil trí sheastáin/taispeántais a eagrú le haghaidh ócáidí agus comhdhálacha oiriúnacha le linn 2023 dírithe ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí. | Múinteoirí scoile agus príomhoidí. | COGG; Múinteoirí agus príomhoidí. | Feidhmeanna FnaG; S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Reachtaíocht agus Stádas; Saol Eacnamaíochta); PG5; agus **ATO(L) 2021** (tacú le mórsprioc an rialtais i ndlínse Rialtas na hÉireann 20% den earcaíocht san earnáil stáit a bheith ábalta feidhmiú trí mheán na Gaeilge. |

| Fochuspóir A3: Tacú le córas creidiúnaithe agus forbairt inniúlachta na hearnála aistriúcháin | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **A3: 1** Líon na n-aistritheoirí agus eagarthóirí creidiúnaithe a mhéadú agus caighdeán an aistriúcháin agus na heagarthóireachta a fheabhsú trí thacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus trí chur le gairmiúlacht na hearnála **tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Aistritheoirí agus tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Eagarthóirí. Socrófar scrúdú amháin d'aistritheoirí agus chuirfear tús le córas úr creidiúnaithe d'eagarthóirí** | Aistritheoirí agus eagarthóirí Gaeilge. | Comhlachtaí poiblí; ranna rialtais sa dá dhlínse; soláthróirí oiliúna. | S20B (Foclóirí; Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Saol Eacnamaíochta) agus PG5; feidhmeanna FnaG; stádas oifigiúil na Gaeilge san Aontas Eorpach [https://ec.europa.eu/info/news/irish2022 ]. |
| **A3: 2** Tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin tríd an tseirbhís *Freagra* agus tríd an láithreán gréasán www.aistear.ie | Aistritheoirí agus eagarthóirí Gaeilge; gnólachtaí (beaga agus meánmhéide go príomha); baill den phobal. | Comhlachtaí poiblí; Ranna rialtais; soláthróirí oiliúna. | S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Saol Eacnamaíochta) agus PG5; feidhmeanna FnaG. |

# Mórchuspóir B: Spásanna agus Láithreacha, Gréasáin agus Deiseanna.

| Fochuspóir B1: Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú i ngach réimse den saol | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **B1: 1** Forbairt a dhéanamh ar na réimsí seo trí chlár oibre réamhaontaithe leis na ceanneagraíochtaí Gaeilge do 2023 agus allúntas bliantúil ina leith a sholáthar: forbairt pobail, fiontraíocht agus tógáil teaghlaigh le Gaeilge (Glór na nGael), ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (Conradh na Gaeilge), agus deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán (Oireachtas na Gaeilge), Gael Linn agus (Cumann na bhFiann).<br><br>Cruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis na ceanneagraíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna oibre do 2023. Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ó na ceanneagraíochtaí thuasluaite, an t-iarratas a mheas, deontas a mholadh agus a bheith ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024 | Pobal labhartha na Gaeilge<br>Pobail i gceantair phleanála teanga. | Glór na nGael; Conradh na Gaeilge; an tOireachtas; Cumann na bhFiann; Gael Linn; RP; &RTCEGSM. | CCC CATT; S20B (Pobal) agus PG5; ATPI 2020-2025. |
| **B1: 2** Deiseanna úsáidte Gaeilge a éascú do dhaoine óga trí scéimeanna maoinithe a riar le gur féidir réimse leathan grúpaí campaí samhraidh (90) agus imeachtaí óige (80) a reáchtáil le linn 2023. | Daoine óga; grúpaí pobal. | Ógras; Feachtas; Spleodar; cumainn óige; grúpaí pobal; scoileanna. | S20B (Oideachas, Pobal) agus PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 3** Úsáid na Gaeilge agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil do thionscadal pobalbhunaithe atá maoinithe trí Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge. Cuirfear tacaíocht ar fáil do shé dheontaí is tríocha ar an iomlán faoin scéim seo in 2023, naoi ndeontaí ag an ardchéim, naoi ndeontaí dhéag ag an meánchéim agus ocht ndeontaí ag an mbunchéim | 36 dheontaí reatha de SFLG; Grúpaí pobal. | Scáthghrúpaí cultúrtha agus spóirt. | S20B (Pobal) agus PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 4** Forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga agus tacaíocht a thabhairt dó in BSGanna agus i líonraí Gaeilge trí mhaoiniú, agus comhairle a sholáthar do na ceanneagraíochtaí roghnaithe le plean teanga a ullmhú nó a chur i bhfeidhm. Faoi dheireadh 2023 beidh 5 Líonra agus 13 BSG ag cur pleananna teanga i gcrích i gcomhar le comhairleoirí pleanála teanga Fhoras na Gaeilge. | Pobail in BSGanna; pobail i Líonraí Gaeilge nó líonraí féideartha; Pobal labhartha na Gaeilge (lasmuigh den Ghaeltacht) | RTCEGSM; RP; Glór na nGael. | Acht na Gaeltachta 2012; S20B (Pobal, Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **B1: 5** Tacaíocht do phobail stádas mar Líonraí Gaeilge a bhaint amach trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge. Beidh Foras na Gaeilge ag obair le 20 deontaí de chuid Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge le hiad a ullmhú le hiarratas a dhéanamh ar stádas oifigiúil mar líonraí nuair a fhógraíonn RTCEGSM an chéad glaoch eile do Líonraí Ghaeilge. | Grúpaí pobail Gaeilge. | RTCEGSM; RP; Glór na nGael; grúpaí pobail. | S20B (Pobal, Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 6** Tacaíocht do stáisiúin raidió pobail Ghaeilge (le ceadúnas craoltóireachta bailí) trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil don dá dheontaí reatha lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste tríd an Scéim Raidió Pobail chun clár craoltóireachta lán-Ghaeilge a sholáthar go lán-aimseartha sa dá chathair agus ar líne. | Pobail labhartha na Gaeilge. | Na stáisiúin raidió. | S20B (Pobal, Stádas, na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; ATPI 2020-2025; CCC CATT; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 7** Tacaíocht do mhargadh léitheoireachta na leabhar Gaeilge trí na gradaim foilsitheoireachta, Gradam Uí Shúilleabháin (leabhair Ghaeilge do dhaoine fásta), Gradam Réics Carló (leabhair Ghaeilge do dhaoine óga) agus Gradam de Bhaldraithe (leabhair aistrithe go Gaeilge) a riar. Fógrófar buaiteoirí na dtrí ghradam ag ócáid phoiblíochta ar leith le linn 2023. | Earnáil foilsitheoireachta na Gaeilge;<br>pobal léitheoireachta na Gaeilge. | Oireachtas na Gaeilge;<br>Comhchoiste na hEarnála Foilsitheoireachta. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 8** Soláthar ábhar léitheoireachta agus eolais do phobal na Gaeilge trí mhaoiniú a sholáthar do dheontaithe reatha scéimeanna earnáil na meán Gaeilge, an Scéim Nuachtáin ar Líne (Tuairisc.ie), an Scéim Irise Stíle Maireachtála (NÓSmedia) agus Scéim Iris Ghaeilge (Comhar). | Pobal na Gaeilge; iriseoirí na Gaeilge. | Tuairisc.ie, Comhar, agus NÓSmedia mar phríomheagraíochtaí earnáil na meán Gaeilge (scríofa agus ar líne). | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 9** Tacaíocht a chur ar fáil do scríbhneoirí, d'fhoilsitheoirí agus don phobal léitheoireachta Gaeilge trí na scéimeanna seo a leanas:<br>a. Scéim na Foilsitheoireachta<br>b. Scéim na dTionscadal Litríochta<br>c. An Scéim Meantóireachta<br>d. Scéim na gCoimisiún | Foilsitheoirí; scríbhneoirí; léitheoirí; foghlaimeoirí. | Foilsitheoirí Gaeilge; Cumann na bhFoilsitheoirí; Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge; eagraíochtaí ealaíona/litríochta. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **B1: 10** Réimse leathan d'ábhar léitheoireachta a fhreastalaíonn ar léitheoirí de gach aois a fhoilsiú. | Daltaí scoile; múinteoirí; tuismitheoirí; pobal mór na Gaeilge. | Údair; maisitheoirí; aistritheoirí; COGG; an tÁisaonad; foilsitheoirí thar lear. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **B1: 11** Rochtain a éascú ar ábhar léitheoireachta do phobal na Gaeilge, agus do na pobail Ghaeilge cheantarbhunaithe trí leabhair Ghaeilge a sheachadadh ar shiopaí leabhar. | Pobal na Gaeilge; daltaí scoile; pobail Ghaeilge sna pobail cheantair-bhunaithe. | Foilsitheoirí leabhar Gaeilge; siopaí leabhar; coistí Gaeilge in BSGanna, agus sna líonraí; scoileanna lán-Ghaeilge. | Feidhmeanna FnaG.; S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht, Pobal) agus PG5. |

| Fochuspóir B2: An Ghaeilge a bheith le feiceáil sa timpeallacht idir fhíor agus fhíorúil, ionas go mbeidh láithreacht aici i saol daoine taobh amuigh dá gceantar agus dá scoil féin | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **B2: 1** Rochtain Fhoras na Gaeilge ar phobal na Gaeilge sa domhan fíorúil a fhorbairt agus a mhéadú trí chothabháil leanúnach, forbairt, nuashonrú agus breisiú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha foclóra agus téarmaíochta ar líne. Áireofar leis seo athdhearadh ar na suíomhanna poiblí. Nuashonrú le déanamh ar an dá aip foclóireachta agus feidhmeanna breise le cur leis an Draoi Gramadaí in 2023. | Pobal na Gaeltachta agus an Ghaeloideachais; foghlaimeoirí Gaeilge; pobal na teanga in Éirinn agus thar lear. | RTCEGSM; RP; na ranna oideachais . | S20B (Foclóirí) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **B2: 2** Comhpháirtíocht leanúnach a chothú idir Foras na Gaeilge, Lá Domhanda na Leabhar agus Leabhair Pháistí Éireann lena chinntiú go mbeidh leabhar Gaeilge, áiseanna tacaíochta maidir le léitheoireacht na Gaeilge mar aon le cur chuige dátheangach sa phoiblíocht/mhargaíocht á chur chun cinn le linn mhórfheachtas Lá Domhanda na Leabhar 2023 | Daltaí bunscoile/iar-bhunscoile; tuismitheoirí; múinteoirí; siopaí leabhar. | Lá Domhanda na Leabhar; Leabhair Pháistí Éireann, foilsitheoirí Gaeilge; siopaí leabhar; bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. | S20G (Na Meáin) agus PG5; Feidhmeanna FnaG. |
| **B2: 3** Infheictheacht agus úsáid phraiticiúil na Gaeilge (i bhfoirm comharthaíochta, ábhar brandála, ábhar margaíochta agus ábhar pacáistíochta) a spreagadh agus a fhorbairt sa timpeallacht ghnó trí chomhairle agus maoiniú a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus meánmhéide tríd an Scéim Tacaíochta Gnó. Cuirfear maoiniú ar fáil do suas le 50 FBM le linn 2023. | Úinéirí gnólachtaí, BSGanna, Líonraí Gaeilge agus ceantair SFLG. | Glór na nGael; Coistí BSGanna; Líonraí Gaeilge agus SFLG | S20B (Saol Eacnamaíochta) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **B2: 4** Líon na ngnólachtaí atá ábalta feidhmiú go dátheangach ar bhonn ardchaighdeán seasta a mhéadú tríd an gcóras creidiúnaithe ISO (faoi rialú NSAI) le Séala Q-Mharc Gnó le Gaeilge a bhronnadh ar iarratasóirí rathúla. Beidh suas le 10 comhlacht le cur faoi iniúchadh le linn 2023. | Úinéirí gnólachtaí in BSGanna, líonraí Gaeilge agus ceantair SFLG. | NSAI; Mentor Gaeilge; Glór na nGael; coistí BSGanna; lGaeilge agus SFLG. | S20B (Saol Eacnamaíochta) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **B2: 5** Rochtain Fhoras na Gaeilge ar phobal na Gaeilge sa domhan fíorúil a fhorbairt agus a mhéadú trí níos mó eagráin leictreonacha d'fhoilseacháin Ghaeilge a fhoilsiú. | Daltaí scoile; múinteoirí; tuismitheoirí; pobal mór na Gaeilge. | Údair; maisitheoirí; aistritheoirí; COGG; an tÁisaonad; foilsitheoirí thar lear. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5;. Feidhmeanna FnaG. |

| Fochuspóir B3: Grúpaí pobail – Forbairt a dhéanamh ar na pobail áitiúla teanga trí chur le bonneagar fisiciúil agus fíorúil sna ceantair sin. | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **B3: 1** Deiseanna úsáidte do phobal na Gaeilge a mhéadú trí thacaíocht maoinithe a chur ar fáil do fhorbairt agus soláthar infrastruchtúr faoi leith don Ghaeilge mar 'thearmainn shábháilte' i bpobail chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i gcomhar le deontaithe reatha na scéimeanna/tionscadail seo a leanas:<br><br>a. An Scéim Tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge<br>• 16 Deontaí i 2023<br>b. Scéim na gCultúrlann<br>• Dhá chultúrlann á maoiniú faoin scéim seo in 2023, Cultúrlann McAdam/Ó Fiaich agus Cultúrlann Uí Chanáin<br>c. *Turas*.<br>• Leanfar ag maoiniú an tionscadail straitéisigh, eiseamláirigh seo le linn 2023 | Pobal na Gaeilge. | Ionaid Ghaeilge; Cultúrlann Uí Chanáin agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich; Misean Oirthear Bhéal Feirste. | S20B (Pobal) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. T:BUC |
| **B3: 2** Cur le líon na ngréasán Gaeilge sa phobal trí mhaoiniú a chur ar fáil do chlár gréasánaithe Oireachtas na Gaeilge atá ceaptha mar cheanneagraíocht le freagracht sa réimse. | Pobal na Gaeilge. | Oireachtas na Gaeilge; lucht eagraithe féilte; pobal labhartha Gaeilge; ealaíontóirí; pobail sa Ghaeltacht, i líonraí Gaeilge, in BSGanna agus i gceantair SFLG. | S20B agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **B3: 3** Forbairt a dhéanamh ar phobail Ghaeilge, ar fhiontraíocht Ghaeilge sa phobal, agus ar thógáil teaghlaigh le Gaeilge trí mhaoiniú a chur ar fáil don chlár oibre aontaithe le Glór na nGael atá ceaptha le freagracht sa réimse seo. | Pobal labhartha na Gaeilge. | Glór na nGael. | S20B agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **B3: 4** Cur le gréasáin Ghaeilge agus deiseanna úsáidte trí Scéim na bhFéilte. Cuirfear maoiniú ar fáil do suas le cúig fhéile is seasca le linn 2023 | Pobal na Gaeilge agus Pobal labhartha na Gaeilge. | Eagraithe féilte; pobal labhartha Gaeilge; ealaíontóirí; pobail líonraí; pobail bailte seirbhíse Gaeltachta. | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **B3: 5** Stádas agus infheictheacht na Gaeilge sa tsochaí a ardú trí Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon. Cuirfear maoiniú ar fáil do suas le seacht gcinn de mhór-imeachtaí ealaíon le linn 2023. | Pobal na Gaeilge agus pobal an Bhéarla atá báúil don Ghaeilge. | Eagraithe mór-imeachtaí agus féilte; pobal labhartha Gaeilge; ealaíontóirí; pobail líonraí; pobail Bhailte Seirbhíse Gaeltachta. | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **B3: 6** Gréasáin agus deiseanna úsáide Gaeilge a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil do chompántais drámaíochta trí Scéim na gCompántas Drámaíochta. Cuirfear maoiniú ar fáil do suas le hocht gcinn déag de chompántais drámaíochta, idir phroifisiúnta agus amaitéaracha, le linn 2023. | Pobal na Gaeilge agus Pobal labhartha na Gaeilge. | Compántais drámaíochta phroifisiúnta agus amaitéaracha. Aisteoirí; ealaíontóirí; léiritheoirí | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **B3: 7** Deiseanna comhoibrithe, deiseanna comhpháirtíochta agus deiseanna foghlama a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus do phobal Ghaeilge na hAlban trí Scéimeanna Colmcille. | Pobal na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban. | RTCEGSM; Bòrd na Gàidhlig<br>Grúpaí pobail agus ealaíon in Éirinn agus in Albain; Eagraíochtaí Gaeilge in Éirinn agus in Albain | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG; Straitéis Colmcille. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **B3: 8** Ionchuimsitheacht a chinntiú inár ngníomhaíochtaí uile sna heochair-réimsí éagsúla atá sonraithe ag an dá rialtas trí fhreastal ar mhórstraitéisí an dá rialtas in eochair-réimsí éagsúla. | Mórphobail sa dá dhlínse;<br>mionlaigh, cúrsaí comhshaoil, cumhdach leanaí, comhionannas. | Ranna rialtais | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); T: BUC; Reachtaíocht comhionannais agus ionchuimsitheachta sa dá dhlínse; Feidhmeanna FnaG. |

# Mórchuspóir C: Cumarsáid, Feasacht agus Abhcóideacht

| **Fochuspóir C1: Stádas agus ionad na Gaeilge sa tsochaí trí chéile a dhaingniú agus a fhorbairt trí mheán tionchair agus comhairle** | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **C1: 1** Forbairt leanúnach na foclóireachta Gaeilge a chinntiú trí chomhpháirtíocht a bhunú le páirtithe leasmhara cuí. Comhoibriú leanúnach le IDM agus le Lexical Computing. Comórtas Aistí Néill Uí Dhónaill le reáchtáil arís chun comhoibriú leis na hollscoileanna a bhuanú. | Pobal na Gaeltachta agus an Ghaeloideachais; Foghlaimeoirí Gaeilge; Pobal na teanga in Éirinn agus thar lear. | Ranna oideachais; RTCEGSM; RP; ollscoileanna. | S20B (Foclóirí); ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **C1: 2** Abhcóideacht don Ghaeilge a chinntiú trí mhaoiniú do chlár abhcóideachta Chonradh na Gaeilge don chlár oibre aontaithe leis an gceanneagraíocht atá ceaptha le freagracht sa réimse seo. | Pobal na Gaeilge; foghlaimeoirí Gaeilge; lucht déanta polasaithe. | Conradh na Gaeilge; na ceanneagraíochtaí Gaeilge eile; pobal na Gaeilge. | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **C1: 3** Feasacht ar chomhoidhreacht chultúrtha Ghaelach na hÉireann agus na hAlban a chur chun cinn sa phobal Protastúnach, aontachtach, dílseach (PAD) dlínse an Fheidhmeannais trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadal straitéiseach spriocdhírithe, *Turas*. | Pobal Oirthear Bhéal Feirste; an pobal PAD. | Misean Oirthear Bhéal Feirste; *Turas*; RP; RTCEGSM. | ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); T:BUC; Feidhmeanna FnaG. |

| Fochuspóir C2: Tuiscint, feasacht agus dearcadh dearfach ar an nGaeilge a mhéadú ar fud an oileáin agus i measc an diaspóra | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **C2: 1** Feasacht ar an nGaeilge a ardú trí mhaoiniú do chlár abhcóideachta Chonradh na Gaeilge don chlár oibre aontaithe leis an gceanneagraíocht atá ceaptha le freagracht sa réimse seo. | Pobal na Gaeilge; foghlaimeoirí Gaeilge; lucht déanta polasaithe. | Conradh na Gaeilge; na ceanneagraíochtaí Gaeilge eile; pobal na Gaeilge; RP; RTCEGSM. | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); T:BUC; Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. |
| **C2: 2** Comhpháirtíocht ar thionscadail feasachta faoin nGaeilge. | An mórphobal; an diaspóra; foghlaimeoirí; mic léinn 3ú leibhéal. | RP; RTCEGSM; na meáin; an earnáil phríobháideach; na comhairlí ealaíon. | Feidhmeanna FnaG;. |
| **C2: 3** Feachtais feasachta ar na meáin shóisialta. | An mórphobal;, pobal na Gaeilge; pobail cheantar-bhunaithe (BSGanna; líonraí Gaeilge). | RP; RTCEGSM; na meáin; na ceanneagraíochtaí. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **C2: 4** Urraíocht agus fógraíocht le feasacht a ardú faoi ról Fhoras na Gaeilge agus faoin nGaeilge. | Pobal na Gaeilge; an mórphobal; mic léinn 3ú leibhéal. | Na meáin; eagraíochtaí; gnólachtaí; grúpaí eile. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **C2: 5** Clár Caidreamh Poiblí. | An mórphobal; na meáin; sainghrúpaí. | Na meáin; RP; RTCEGSM; na ceanneagraíochtaí Gaeilge; deontaithe. | Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **C2: 6** Caidreamh agus comhpháirtíocht le hAlbain a mhéadú trí chomhairle agus éascaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí trí clár oibre Colmcille. Eagrófar sraith cruinnithe le eagraíochtaí teanga in Albain le linn 2023. | Pobal na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban; daoine ar suim leo an nasc idir an dá phobal teanga. | RP; RTCEGSM; Bord na Gàidhlig; Údarás na Gaeltachta | Feidhmeanna FnaG; Straitéis Colmcille. |
| **C2: 7** Deiseanna foghlama i nGaeilge agus i nGaeilge na hAlban a chur ar fáil trí Scéim Sparánachtaí Colmcille. Cuirfear suas le tríocha sparánacht ar fáil do foghlaimeoirí le linn 2023. | Foghlaimeoirí Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban. | RP; RTCRGSM Bord na Gàidhlig; Sabhal Mór Ostaig. | Feidhmeanna FnaG; Stráitéis Colmcille. |

| Fochuspóir C3: Treisiú ar abhcóideacht pholasaí san earnáil phoiblí, go háirithe i réimse an oideachais, agus i réimse na n-údarás áitiúil agus i bpobail na pleanála teanga; líonraí Gaeilge, bailte seirbhíse Gaeltachta agus limistéir pleanála teanga Ghaeltachta | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **C3: 1** Tionchar a imirt ar na heagraíochtaí ábhartha i réimse an oideachais (eagraíochtaí reachtúla san áireamh), trí chruinnithe a éascú agus aighneachtaí a réiteach. | Daltaí scoile; múinteoirí; scoilphobail. | Na ranna oideachais; COGG; CNCM; RLCMLÓ; Comhairle na Gaelscolaíochta; An tÚdarás Oideachais; CCEA; meithleacha oibre. | Feidhmeanna FnaG. |
| **C3: 2** Abhcóideacht don Ghaeilge a chinntiú trí mhaoiniú do chlár abhcóideachta Chonradh na Gaeilge don chlár oibre aontaithe leis an gceanneagraíocht atá ceaptha le freagracht sa réimse seo. | Pobal na Gaeilge; foghlaimeoirí Gaeilge; lucht déanta polasaithe. | Conradh na Gaeilge; na ceanneagraíochtaí Gaeilge eile; pobal na Gaeilge. | S20B (Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); CCC CATT; Feidhmeanna FnaG. |
| **C3: 3** Tacú le cruinnithe Chomhchoiste na nOifigeach Forbartha Gaeilge (sna húdaráis áitiúla) agus a bheith rannpháirteach iontu. Cuirfear maoiniú ar fáil do COFG le plean bliana a chur i gcrích. | Oifigigh Ghaeilge sna húdaráis áitiúla sa dá dhlínse. | Comhlachtaí poiblí; RTCEGSM. | S20B (Riarachán, Seirbhís agus Pobal; Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú). |
| **C3: 4** Tacú le forbairt na Gaeilge i réimse na n-údarás áitiúil i ndlínse an Fheidhmeannais trí Scéim na nOifigeach Gaeilge. Le linn 2023 déanfar tionchar na reachtaíochta úire a mheas agus eagrófar comhairliúchán poiblí ar thodhchaí na scéime i bhfianaise na reachtaíochta. | Rialtas áitiúil i ndlínse an Fheidhmeannais. | Comhairlí ceantair. | ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **C3: 5** Tacú le polasaithe an dá rialtas i leith na teanga trí ionadaíocht a dhéanamh ar fhóraim éagsúla. | Coistí éagsúla rialtais; RTCEGMS; RP; na ranna oideachais; RLCMLÓ; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. | An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge; Coiste Stiúrtha PG5; CNCM; COGG; Comhairle na Gaelscolaíochta; Coiste Stiúrtha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta; Coiste Stiúrtha an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge; Coiste Stiúrtha FCÁT; Grúpa Comhdheartha Straitéise don Ghaeilge; Údarás Craolacháin Éireann; Ciste Craoltóireachta TÉ. | S20B; Acht na Gaeltachta 2012; ATO 2003; ATO(L) 2021; Ré Nua Cur Chuige Nua; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Acht Féiniúlachta agus Teanga (TÉ) 2022. |
| **C3: 6** Tuiscint a mhéadú ar cheist na Gaeilge i measc lucht ceannais na bhforas cultúir trí shraith de chruinnithe ardleibhéil le lucht ceannais eagraíochtaí stáit. Déanfar Fóram na nEagraíochtaí Cultúrtha a fhorbairt le linn 2023 ag tógáil ar Sheimineár Lae Fhoras na Gaeilge: Cultúr le Gaeilge: Athneartú na Gaeilge san Earnáil Cultúr a eagraíodh in 2022. | Mórphobal an oileáin; pobail na Gaeilge; pobail áitiúla sna pobail forbartha teanga. | An Leabharlann Náisiúnta; Áras Nua-Ealaíne na hÉireann; Amharclann na Mainistreach; an Chartlann Náisiúnta; Ard-Mhúsaem na hÉireann; Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; an | S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Stádas) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Ceoláras Náisiúnta; an Chomhairle Oidhreachta. | |
| **C3: 7** Cur le tuiscintí an aosa pholaitiúil ar mhórcheisteanna a bhaineann le forbairt na Gaeilge trí chruinnithe; teacht i láthair coistí Oireachtais agus Tionóil. | Polaiteoirí sa dá dhlínse; urlabhraithe Gaeilge, Gaeltachta, agus oideachais. | Na páirtithe polaitiúla. | Feidhmeanna FnaG. |
| **C3: 8** Tuiscint a mhéadú ar an gcur chuige pleanála teanga ag leibhéal na n-údarás áitiúil trí shraith de chruinnithe ardleibhéil le lucht ceannais na n-údarás áitiúil. | Údaráis áitiúla in BSGanna agus líonraí Gaeilge; pobail áitiúla teanga cheantarbhunaithe. | Údaráis áitiúla; coistí stiúrtha pleananna teanga; ceanneagraíochtaí pleanála teanga; Údarás na Gaeltachta; na 6 CE. | S20B agus PG5; Acht na Gaeltachta 2012; Feidhmeanna FnaG. |
| **C3: 9** Cur le tuiscintí i measc mórinstitiúidí an dá dhlínse ar fhorbairt na Gaeilge trí chruinnithe straitéiseacha, aighneachtaí agus ionadaíocht. | Mórphobal an oileáin; pobal na Gaeilge; pobail áitiúla Ghaeilge cheantarbhunaithe. | Coistí Oireachtais agus Tionóil; eagraíochtaí stáit agus neamhstáit. | Feidhmeanna FnaG. |

# Mórchuspóir D: Acmhainní, Maoiniú agus Luacháil

| **Fochuspóir D1: Córais eagraíochtúla a fhorbairt chun acmhainní a chur i dtreo tosaíochtaí straitéiseacha de réir mar is cuí** | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **D1: 1** Freastal ar riachtanais an phobail agus na n-eagraíochta trí chóras bainistíochta deontas ar líne a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh air. | Deontaithe; foireann FnaG. | Comhlacht tacaíochta. | Feidhmeanna FnaG; an Meamram Airgeadais. |
| **D1: 2** Tuarascálacha bliantúla agus cuntais a sholáthar go tráthuil.<br>Tuarascáil bhliantúil agus cuntais 2021 a bhogadh tríd an gcóras deimhnithe agus foilsithe.<br>Dréachtaí den Tuarascáil Bhliantúil agus de na cuntais don bhliain 2022 a sholáthar go tráthúil do na húdaráis chuí in 2023. | Na ranna urraíochta agus airgeadais, CATT; an pobal. | Na ranna urraíochta; na hardreachtairí sa dá dhlínse; Gníomhaireacht na hUltaise | Feidhmeanna FnaG; an Meamram Airgeadais. |
| **D1: 3** Dualgais reachtúla a chomhlíonadh i dtaca le gnóthaí airgeadúla agus rialachas corparáideach.<br>Feidhmiú agus tuairisciú de réir reachtaíochta agus dea-chleachtais trasna raon leathan sainréimsí: ceisteanna Dála agus Tionóil; prasíocaíochtaí; saoráil faisnéise; cosaint sonraí; agus miontuairisceoireacht. | An Coiste Iniúchta; an t-iniúchóir inmheánach; na ranna urraíochta agus airgeadais. | An Coiste Iniúchta; an t-iniúchóir inmheánach; na ranna urraíochta agus airgeadais. | An reachtaíocht ábhartha (acmhainní daonna. sábháilteacht, etc.). |
| **D1: 4** Polasaithe agus cleachtais a chur san áireamh inár gcórais agus próisis. | An Coiste Iniúchta; An t-iniúchóir inmheánach; na ranna urraíochta agus airgeadais. | Na ranna urraíochta | An reachtaíocht ábhartha (e.g. i dtaca le prasíocaíochtaí, saoráil faisnéise, rialachán ginearálta chosaint sonraí etc.). |
| **D1: 5** Soláthar cuí acmhainní a bheith ann le riar ar riachtanais na heagraíochta. | Fostaithe FnaG. | Na ranna urraíochta agus airgeadais; na ceardchumainn. | An reachtaíocht chuí; ciorcláin agus treoracha ábhartha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **D1: 6** Próisis chaighdeánacha a fhorbairt agus a fheidhmiú ar fud na heagraíochtaí. | Fostaithe, deontaithe, íocaithe agus cliaint de chuid FnaG. | Cliaint uile FnaG. | An reachtaíocht, ciorcláin, treoracha, agus polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha. |
| **D1: 7** Dréachtphleananna gnó (1bl) agus corparáideacha (3bl) a sholáthar.<br>Plean Gnó 2023 agus Plean Corparáideach 2023-2025 a bheith faofa ag CATT nó cead feidhmithe a bheith faighte ó na húdaráis chuí roimh thús na tréimhse feidhmithe.<br>Dréachtphlean Gnó don bhliain 2024 a fhorbairt de réir na treorach a eiseofar. | An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas; na ranna urraíochta agus airgeadais; Bord FnaG. | An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas; na ranna urraíochta agus airgeadais; Bord agus foireann Fhoras na Gaeilge; na ceanneagraíochtaí; deontaithe de chuid FnaG; an pobal. | Feidhmeanna FnaG agus treoir rialtais. |

| Fochuspóir D2: Córais luachála a neadú chun breithniú tráthrialta a dhéanamh ar gach gné d'obair na heagraíochta, obair an bhoird agus cúraimí tarmligthe san áireamh | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **D2: 1** Úsáid na nuathéarmaíochta i measc an phobail a thomhas trí chorpais chomhaimseartha a thiomsú agus a cheadú, agus pleananna a bhunú chun forbairt na nuathéarmaíochta a fheabhsú de réir an aiseolais sin. | Pobal na Gaeilge . | Foireann agus baill an Choiste Téarmaíochta; foireann Fhoras na Gaeilge; conraitheoirí taighde. | S20B (Foclóirí) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |
| **D2: 2** Éifeachtacht scéimeanna agus tionscadail Fhoras na Gaeilge maidir le hathrú iompraíochtaí teanga sa phobal a fheabhsú trí sceideal bliantúil taighde.<br><br>Tionscadal taighde faoi thionchar raon scéimeanna agus tionscadal a tosaíodh in 2022 a leanúint chuig céim an tuairiscithe agus moltaí a chur ar fáil. | Taighdeoirí neamhspleácha; an fhoireann; an pobal a bhaineann leas as scéimeanna agus tionscadail Fhoras na Gaeilge. | Taighdeoirí neamhspleácha; an fhoireann; an pobal a bhaineann leas as scéimeanna agus tionscadail Fhoras na Gaeilge. | S20B agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Ráiteas Straitéise RTCEGMS; Plean Gnó RP. |
| **D2: 3** Éifeachtacht an Chur Chuige Comhpháirtíochta maidir le hathrú iompraíochtaí teanga na spriocphobal a fheabhsú trí leanúint leis an luacháil neamhspleách ar an gcur chuige | Mórphobal an oileáin; pobal na Gaeilge ar an oileán agus thar lear; pobail Ghaeilge cheantarbhunaithe; foghlaimeoirí Gaeilge. | Na ceanneagraíochtaí; pobal na Gaeilge; comhlachtaí taighde; RTCEGSM; RP. | CCC CATT; Feidhmeanna FnaG. |

| Fochuspóir D3: Bonneagar teicniúil cuí a bheith i bhfearas a riarfaidh ar dhálaí/riachtanais oibre na ré atá romhainn | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh in 2023** | **Spriocphobail** | **Páirtithe leasmhara** | **Bunús dlí/polasaí** |
| **D3: 1** Cur le húsáid na Gaeilge trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí sa teicneolaíocht trínár gcistí maoinithe. | Mórphobal an oileáin; Pobal na Gaeilge ar an oileán agus thar lear; pobail Ghaeilge cheantar-bhunaithe; foghlaimeoirí Gaeilge. | RTCEGSM; RP; pobal na Gaeilge; comhlachtaí teicneolaíochta. | S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) agus PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); Feidhmeanna FnaG. |

## 5. Táscairí feidhmíochta do PG 2023:

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **A1:** 1 Forbairt a dhéanamh ar na mór-réimsí seo a leanas: **Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte** do dhaltaí scoile (Gael Linn), An Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge (Gaeloideachas) agus forbairt deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga (Cumann na bhFiann), trí mhaoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí lena gclár oibre réamhaontaithe a chur i gcrích. <u>**Cruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis na ceanneagraíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna oibre do 2023.**</u> <u>Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ó na ceanneagraíochtaí thuasluaite,</u> na h<u>iarratais a mheas, deontas a mholadh agus a bheith ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024</u>. | Na mór-réimsí forbartha trí dheontas a chur ar fáil do chláir oibre ar leith i gcomhar le Gael Linn, Gaeloideachas agus Cumann na bhFiann. | Cláir oibre na gceanneagraíochtaí curtha i gcrích go sásúil.<br><br>Comhairle curtha ar na húdaráis chuí ar an nGaeilge mar ábhar sna córais oideachas.<br><br>Tacaíochtaí curtha ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir leis an nGaeilge mar ábhar sna córais oideachais.<br><br>Eolas ar chúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta curtha ar fáil.<br><br>Deiseanna úsáidte seach-churaclam do dhaltaí scoile curtha ar fáil.<br><br>Réimse tacaíochtaí curtha ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta agus do scoileanna Gaeltachta.<br><br>An tumoideachas curtha chun tosaigh mar rogha oideachais.<br><br>Tacaíochtaí d'earnáil na réamhscolaíochta lán-Ghaeilge curtha ar fáil.<br><br>Deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasánaíochta curtha ar fáil do dhaoine óga. | Líon daltaí atá ag tabhairt faoin nGaeilge ardaithe.<br><br>Ardú ar líon na ndaltaí sa chóras Gaelscolaíochta.<br><br>Ardú ar líon na ndaoine óga atá ag freastal ar imeachtaí óige trí Ghaeilge. | Tuairisc dheireadh na bliana do na ceanneagraíochtaí cuí.<br><br>Tuairisc ráithiúil na gceanneagraíochtaí cuí. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A1: 2** Líon na ndaltaí atá ag tabhairt faoin nGaeilge sna scoileanna Béarla i ndlínse an Fheidhmeannais a ardú trí fheachtais **phráinneacha** a bhunú i gcomhar le Gael Linn agus eagraíochtaí oideachasúla eile i leith thábhacht na Gaeilge d'fhéiniúlacht an duine óig, buntáistí an dátheangachais agus deiseanna fostaíochta. | Tacú le Gael Linn trí mhaoiniú a chur ar fáil chun seirbhís rúnaíochta agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil do Ghréasán na Múinteoirí Gaeilge. | Maoiniú curtha ar fáil do Ghael Linn tríd an deontas mar cheanneagraíocht chun tacaíochtaí a chur ar fáil do Ghréasán na Múinteoirí Gaeilge. | Líon daltaí atá ag roghnú na Gaeilge mar ábhar scoile don TGMO agus AS/A2 ardaithe. | Eolas ó CCEA/ón Údarás Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le líon na ndaltaí atá ag tabhairt faoin nGaeilge mar ábhar. |
| **A1:** 3 Comhairle a thabhairt do na húdaráis chuí trí chruinnithe a eagrú leis an Roinn Oideachais agus le CCEA faoin tábhacht a bhaineann le teangacha (seachas an Béarla sna scoileanna Béarla agus an Ghaeilge/an Béarla sna Gaelscoileanna) a bheith éigeantach ag leibhéal **TGMO**. | Comhairle a chur ar fáil don Roinn Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais agus do CCEA trí chruinnithe rialta leo.<br><br>Tacú le Gael Linn trí mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil chun dul i bhfeidhm ar na húdaráis chuí.<br><br>Tacú le Gael Linn trí mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil chun seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do Ghréasán na Múinteoirí Gaeilge. | Cruinnithe rialta déanta leis an Roinn Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais.<br><br>Cruinnithe rialta déanta le CCEA i ndlínse an Fheidhmeannais.<br><br>Teangacha riachtanach ag leibhéal TGMO. | Líon daltaí atá ag roghnú na Gaeilge mar ábhar scoile ag leibhéal TGMO ardaithe. | Eolas/tuarascáil ó CCEA/ón Údarás Oideachais. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A1: 4** Feachtas a bhunú i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus eagraíochtaí oideachais eile leis an nGaeilge a láidriú sna scoileanna T1 agus T2 le go mbeidh ardú ar líon na ndaltaí a leanann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal (múinteoirí agus gairmeacha eile). | Ardú ar líon na ndaltaí a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge nó trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal. | Feachtas feasachta ar na meáin shóisialta agus ardú ar líon na leantóirí. | Ardú ar an tsuim a léirítear sna cúrsaí Gaeilge ag an tríú leibhéal agus ardú ar líon na ndaoine a roghnaíonn an Ghaeilge. | Eolas cainníochtúil ó na hinstitiúidí tríú leibhéal. |
| **A1: 5** Scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do dhaoine óga, daoine fásta agus teaghlaigh trí mhaoiniú a chur ar fáil do Ghael Linn, Cumann an Phiarsaigh agus Conradh na Gaeilge tríd an scéim scoláireachtaí reatha a riar le linn 2023 chomh maith le scéim nua a fhorbairt, a bheith faofa agus i bhfeidhm do 2024 go 2026~~.~~ | Tacú le Gael Linn, Conradh na Gaeilge agus le Cumann an Phiarsaigh trí scéim deontais a chur ar fáil do scoláireachtaí Gaeltachta | Maoiniú curtha ar fáil do Ghael Linn, Conradh na Gaeilge agus do Chumann an Phiarsaigh chun scoláireachtaí a chur ar fáil.<br><br>Scoláireachtaí curtha ar fáil do dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois.<br><br>Scoláireachtaí curtha ar fáil do dhaoine fásta.<br><br>Scoláireachtaí curtha ar fáil do theaghlaigh. | Líon seasta daoine óga, daoine fásta agus teaghlach ag freastal ar chúrsaí Gaeltachta gach bliain. | Eolas cainníochtúil ó na deontaithe reatha maidir le líon daoine a ghnóthaigh scoláireacht.<br><br>Eolas ar na daoine a fhaigheann scoláireachtaí maidir le daoine ó cheantair faoi mhíbhuntáiste etc. |
| **A1: 6** Soláthar naíscolaíochta a chur ar fáil i bpobal réamhaitheanta trí mhaoiniú a chur ar fáil do choiste nua agus trí bhunú naíscoileanna a éascú, ag díriú ar líonraí, BSGanna, LPTanna agus SFLGanna i gcomhar leis na heagraíochtaí oideachais ábhartha. | Tacú le coistí atá ag iarraidh soláthar naíscolaíochta a bhunú trí dheontas forbartha a chur ar fáil. | Soláthar naíscolaíochta forbartha i gceantar nach raibh soláthar ann roimhe nó ina bhfuil gá le soláthar breise.<br><br>Soláthar naíscolaíochta forbartha atá ag teacht le plean forbartha sa cheantar maidir le forbairt soláthar gaelscolaíochta.<br><br>Rogha na Gaelscolaíochta curtha ar fáil do thuismitheoirí. | Líon seirbhísí réamhscolaíochta ardaithe, go háirithe sna líonraí, BSGanna, LPTanna agus SFLGanna. | Tuairisc dheiridh an tionscadail. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A1: 7** Tionscadail oideachasúla a fhorbairt (áiseanna, riachtanais teicneolaíochta san áireamh) trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail de réir mar a thagann siad chun tosaigh. | Tacú le comhlachtaí/coistí atá ag iarraidh tionscadail oideachasúla a fhorbairt trí dheontas forbartha a chur ar fáil. | Áiseanna agus tionscadail oideachasúla forbartha agus curtha ar fáil. | Soláthar áiseanna méadaithe ag brath ar riachtanais. | Tuairisc dheiridh an tionscadail.<br><br>Suirbhé ar líon úsáideoirí. |
| **A1: 8** An scríbhneoireacht i measc na n-óg a chothú tríd an tionscadal Scríobh Leabhar i gcomhpháirt le hionaid oideachais éagsúla ar bhonn uile-oileáin mar aon leis na leabhair a scríobhann na páistí a chur i láthair an phobail ar forasnagaeilge.ie/scríobhleabhar | Deiseanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú do pháistí scoile. | Scríobh Leabhar 2022-23 a thabhairt chun críche agus duaiseanna a sholáthar do na hócáidí bronnta sna scoileanna.<br><br>Scríobh Leabhar 2023-24 fógartha ag tús na scoilbhliana 2023-24.<br><br>Leabhair na bpáistí curtha in airde ar https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/ agus ar na meáin shóisialta.<br><br>Beidh ábhar tacaíochta agus margaíochta forbartha agus curtha ar fáil don tionscadal ar bhonn leanúnach.<br><br>Beidh ócáidí bronnta á reáchtáil sna scoileanna timpeall na tíre. | Líon na n-ionad oideachais, líon na scoileanna, líon na bpáistí rannpháirteacha agus líon na leabhar scríofa gach bliain. | Foirmeacha iarratais na nIonad Oideachais; tuairiscí na nIonad Oideachais ar na foirmeacha éilithe íocaíochta; anailís ar an suíomh idirlín agus na meáin shóisialta. |
| **A1: 9** Oideachas agus oiliúint phobal na Gaeilge (i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair ina bhfuil líonra, nó pobal Gaeilge) a éascú agus a | Tacú le teagasc, forbairt agus foghlaim na Gaeilge ag na leibhéil éagsúla trí áiseanna agus | An chéad 16,000 aonad céille den fhoclóir aonteangach Gaeilge le cur in eagar in 2023.<br><br>An chéad 16,000 aonad céille den fhoclóir nua Gaeilge-Béarla le cur in eagar in 2023. | n/bh (is ag deireadh 2025 a bheidh an chéad sciar á chur ar líne). | Sonraí Google Analytics. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| shaibhriú trí fhoclóir aonteangach Gaeilge a fhoilsiú ar line.<br><br>Oideachas agus oiliúint an mhórphobail a éascú agus a shaibhriú trí fhoclóir nua Gaeilge-Béarla a fhoilsiú ar líne. | acmhainní a chur ar fáil. | | | |
| **A1: 10** Nuathéarmaíocht a fhaomhadh do réimsí nua ábhair. | Breis ábhair a bheith ar fáil ar na suíomhanna foclóireachta agus téarmaíochta, ag plé le réimsí nua atá tagtha chun cinn nó réimsí a bhfuil clúdach níos leithne déanta orthu. | Nuashonrú a dhéanamh ar téarma.ie gach mí. Leasuithe ar an gcomhéadan poiblí de réir mar is gá. | Aiseolas ón bpobal chuig seoltaí aiseolais na suíomhanna éagsúla. | Sonraí Google Analytics; comhfhreagras ón bpobal le Foras na Gaeilge. |
| **A1: 11a** Riar ar riachtanais oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile trí fhoilseacháin agus acmhainní scoile a chur ar fáil dírithe ar na curaclaim ábhartha <u>trí chruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis an Áisaonad chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a phlean oibre do 2023</u>. <u>Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ón Áisaonad, an t-iarratas a mheas, deontas a mholadh agus a bheith</u> | Maoiniú tionscadail a chur ar fail don Áisaonad.<br><br>Sealbhú na Gaeilge agus an fhoghlaim trí mheán na Gaeilge a éascú trí fhoilseacháin ardchaighdeáin a chur ar fáil. | Acmhainní saindeartha curtha ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge.<br><br><br><br>Na foilseacháin a réiteach agus a fhoilsiú. | Soláthar áiseanna feabhsaithe (ó thaobh caighdeán de)<br>Soláthar acmhainní méadaithe.<br>Aiseolas ó mhúinteoirí/dhaltaí<br>Figiúirí díolacháin. | Tuairisc dheiridh an tionscadail.<br><br><br>Trácht idirlín<br>Figiúirí díolacháin. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024**.** | | | | |
| **A1**: **11b** Riar ar riachtanais oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile trí fhoilseacháin agus acmhainní scoile a chur ar fáil dírithe ar na curaclaim ábhartha. Leanúint de bheith ag soláthar foilseacháin ardchaighdeáin agus ábhar léitheoireachta do léitheoirí Gaeilge idir óg agus aosta. | Sealbhú na Gaeilge agus an fhoghlaim trí mheán na Gaeilge a éascú trí fhoilseacháin ardchaighdeáin agus áiseanna oideachais a chur ar fáil. | Rogha d'fhoilseacháin agus d'acmhainní scoile a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar ghnéithe éagsúla de na curaclaim bhunscoile/iar-bhunscoile.<br><br>Rogha de leabhair léitheoireachta d'aoisghrúpaí éagsúla agus spriocghrúpaí a fhoilsiú. | Méadú ar fhigiúirí díolacháin.<br>Úsáid níos leithne á baint as an ábhar atá ar líne cheana.<br>Aiseolas ó mhúinteoirí. | Figiúirí díolacháin<br>Trácht idirlín<br>Suirbhéanna agus teagmháil le múinteoirí/scoileanna ag ócáidí/comhdhálacha etc. |
| **A1: 12** Athchló a chur ar fhoilseacháin scoile de réir mar is gá. | Maoiniú breise a chur ar fail don Áisaonad nuair is cuí/nuair is féidir.<br><br>Freastal ar éileamh ó mhúinteoirí/dhaltaí. | Acmhainní curtha ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge.<br><br>Athchló á chur ar fhoilseacháin de réir mar a bhíonn éileamh orthu. | Méadú ar fhigiúirí díolacháin.<br>Úsáid níos leithne á baint as an ábhar atá ar líne cheana.<br>Aiseolas ó mhúinteoirí/dhaltaí. | Figiúirí díolacháin<br>Trácht idirlín<br>Suirbhéanna agus teagmháil le múinteoirí/scoileanna ag ócáidí/comhdhálacha etc. |
| **A1: 13** Leanúint de bheith ag forbairt agus ag foilsiú acmhainní iar-bhunscoile. Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na n-acmhainní iar-bhunscoile. Pleananna a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní iar-bhunscoile ag freastal ar riachtanais na ndaltaí agus na múinteoirí. Caidreamh agus | Pleananna a leagan amach i gcomhar le páirtithe leasmhara san earnáil chun a chinntiú:<br>1) go bhfuil na hacmhainní iar-bhunscoile a fhoilsítear ag freastal ar riachtanais na | Pleananna gnímh a bheith leagtha amach.<br>Comhoibriú/comhthionscadail ar siúl idir na páirtithe leasmhara ar fad a chuireann acmhainní iar-bhunscoile ar fáil. | Méadú ar fhigiúirí díolacháin.<br>Úsáid níos leithne á baint as an ábhar atá ar líne cheana.<br>Aiseolas ó mhúinteoirí/dhaltaí. | Figiúirí díolacháin<br>Trácht idirlín<br>Suirbhéanna agus teagmháil le múinteoirí/scoileanna ag ócáidí/comhdhálacha etc. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| <u>cumarsáid leanúnach a chothú idir na páirtithe leasmhara eile atá ag treabhadh sa ghort chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na hearnála</u>**.** | múinteoirí agus na ndaltaí<br>2) go bhfuil múinteoirí/scoileanna agus daltaí ar an eolas mar gheall ar na hacmhainní atá ar fáil<br>3) go bhfuil rochtain ag múinteoirí agus daltaí ar na hacmhainní go saoráideach. | | | |
| **A1: 14**<br>1) Athbhreithniú a dhéanamh ar *Séideán Sí* chun a chinntiú go bhfuil spriocanna an phacáiste ag teacht le Curaclam Teanga na Bunscoile.<br>2) Pleananna chun aon ábhar is gá a athscríobh nó a nuashonrú de réir an athbhreithnithe a réiteach agus a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>3) Tús a chur le pleanáil chun áiseanna nua a fhorbairt. | Plé a dhéanamh le saineolaithe i réimse na bunscolaíochta, le múinteoirí agus le páirtithe leasmhara d'fhonn:<br>1) oiliúint a chur ar mhúinteoirí maidir le conas is fearr an pacáiste a úsáid<br>2) gnéithe den phacáiste atá as dáta a uasdátú.<br>3) cás gnó a réiteach le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais chun maoiniú breise a fháil don tionscadal. | Na bearnaí idir an pacáiste reatha agus Curaclam Teanga na Bunscoile nua a bheith aitheanta agus plean curtha le chéile chun ábhar an phacáiste a chur de réir an churaclaim.<br>Cás gnó a bheith curtha le chéile d'fhonn maoiniú breise a fháil don tionscadal ón Roinn Oideachais.<br><br>Aiseolas a bheith faighte ó mhúinteoirí mar gheall ar na moltaí/forbairtí chun feabhais ba mhaith leo a fheiceáil sa phacáiste.<br><br>Plean oibre a leagan amach de réir na moltaí sin. | Méadú ar fhigiúirí díolacháin.<br>Úsáid níos leithne á baint as an ábhar atá ar líne cheana.<br>Aiseolas ó mhúinteoirí. | Figiúirí díolacháin<br>Trácht idirlín<br>Suirbhéanna agus teagmháil le múinteoirí/scoileanna ag ócáidí/comhdhálacha etc. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A1: 15** Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Oiliúna Gaeilge don Earnáil Phoiblí. Soláthróir le roghnú in 20**22** agus spriocanna le aontú leo do na blianta acadúla ó 2022-2025 | Seirbhísí a thairiscint do phobal na Gaeltachta agus do phobal na Gaeilge le go mbeidh foireann na hearnála poiblí sa dá dhlínse in ann freastal cuí a dhéanamh ar an bpobal. | Cúrsaí Gaeilge a sholáthar d'fhostaithe san Earnáil Phoiblí. Pleananna agus spriocanna an tsoláthróra nua le haontú leo do 2023 agus ar aghaidh. | Líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí atá in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh trí Ghaeilge a mhéadú. Lorgófar figiúirí maidir le líon na ndaoine a ghlac páirt sna cúrsaí. | Tuairisc ón gcomhlacht a bheidh freagrach as na cúrsaí a reáchtáil<br><br>Aiseolas ó rannpháirtithe na gcúrsaí. |

| **Gníomh in 2023** | **Torthaí** | **Táscairí in 2023** | **Measúnú Tionchar** | **Foinsí eolais** |
|---|---|---|---|---|
| **A2: 1** Comhairle a chur ar RO (i ndlínse Rialtas na hÉireann) maidir le dea-chleachtas sa tumoideachas trí ionadaíocht a dhéanamh agus ionchur a dhéanamh ar fhóraim éagsúla le linn 2023 ar cheist an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus Oideachas Lán-Ghaeilge**.** | Polasaí don Oideachas Gaeltachta in áit agus á fheidhmiú.<br><br>Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge ar fáil. | Polasaí láidir don Oideachas Gaeltachta forbartha agus curtha i bhfeidhm.<br><br>Polasaí láidir don Oideachas lán-Ghaeilge forbartha agus curtha i bhfeidhm.<br><br>Freastal agus ionadaíocht chuí déanta ar na coistí agus fóraim ábhartha. | Polasaí in áit maidir le dea-chleachtas sa tumoideachas agus feabhas ar chaighdeán an oideachais dá réir. | Tuairiscí rialta ó na coistí/fóraim éagsúla.<br><br>An Roinn Oideachas. |
| **A2: 2** Rochtain tuismitheoirí agus pobal ar sholáthair réamhscolaíochta trí Ghaeilge dá bpáistí a mhéadú trí ionadaíocht a dhéanamh le linn 2023 ag cruinnithe **le h**eagraíochtaí leasmhara in earnáil an oideachais agus na réamhscolaíochta. | Rogha níos leithne ar fáil do thuismitheoirí ar sholáthar réamhscolaíochta. | Soláthar réamhscolaíochta lán-Ghaeilge méadaithe.<br><br>Freastal agus ionadaíocht chuí déanta ar na coistí agus fóraim ábhartha. | Ardú ar líon na seirbhísí. | An Roinn Oideachais.<br><br>Eolas ó Gaeloideachas. |
| **A2: 3** Tionchar a imirt agus comhairle a chur ar na ranna oideachais agus na páirtithe leasmhara in earnáil an oideachais trí fhreastal a dhéanamh ar chruinnithe agus trí aighneachtaí a ullmhú (de réir mar is cuí) ar fhóraim chomhoibrithe. | Comhairle a chur ar fáil do na ranna oideachais trí chruinnithe rialta leo nó trí ionadaíocht chuí a dhéanamh ar na fóraim éagsúla. | Comhairle curtha ar na ranna oideachais.<br><br>Freastal agus ionadaíocht chuí déanta ar na coistí agus fóraim ábhartha. | Comhairle Fhoras na Gaeilge ar an nGaeilge san áireamh agus cinntí á ndéanamh faoi chúrsaí oideachais. | Na ranna oideachais.<br><br>Cáipéisíocht ó na fóraim eile. |
| **A2: 4** Tacú le múinteoirí agus daoine óga an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn ina gcuid scoilphobal trí mhaoiniú a chur ar fáil do Ghael Linn don Ghaelbhratach le linn 2023. Déanfar measúnú ar | Maoiniú bliantúil a chur ar fáil chun Gaelbhratach a reáchtáil. | An tionscadal Gaelbhratach curtha i gcrích i líon aontaithe scoileanna gach scoilbhliain.<br><br>Úsáid laethúil na Gaeilge méadaithe sna scoileanna rannpháirteacha. | Líon seasta de scoileanna nua i.e. 50 thar an dá leibhéal ag teacht isteach ar an scéim gach bliain. | Tuairiscí ó fhoireann Ghaelbhratach. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| éifeachtacht na Gaelbhrataí le linn 2023**.** | | | Líon úsáideoirí méadaithe. | |
| **A2: 5** Tacaíocht a chur ar fáil d'abhair oidí agus múinteoirí trí chomhairle a thabhairt agus trí chláir oibre na gceanneagraíochtaí seo a leanas a mhaoiniú le linn 2023 agus trí iarratais a mheas agus maoiniú a mholadh do chláracha oibre 2024 – Gael Linn (Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile) agus Gaeloideachas (An Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge). | Comhairle a chur ar fáil do na ranna oideachais agus na páirtithe leasmhara eile.<br><br>Tacú le Gael Linn agus le Gaeloideachas a gcuid cláracha oibre a chur i gcrích sna réimsí trí dheontas a chur ar fáil gach bliain. | Comhairle curtha ar na ranna oideachais.<br><br>Comhairle curtha ar na páirtithe leasmhara eile (An Chomhairle Mhúinteoireachta mar shampla).<br><br>Clár oibre na gceanneagraíochtaí mar a bhaineann sé leis an réimse seo curtha i gcrích. | Tuilleadh tacaíochta ar fáil d'ábhair oide agus do mhúinteoirí ó thaobh na Gaeilge de (earnáil an Bhéarla agus na Gaelscolaíochta). | Na ranna oideachais. |
| **A2: 6** Forbairt a dhéanamh ar líon agus ar éagsúlacht an raoin acmhainní atá ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí trí mhonatóireacht a dhéanamh ar **chlár oibre** an Áisaonaid do 2023 chomh maith le clár oibre a aontú do 2024 trí iarratas a mheas agus moladh a dhéanamh don bhord. | Maoiniú tionscadail a chur ar fail don Áisaonad. | Áiseanna saindeartha agus oiliúint curtha ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge. | Soláthar acmhainní feabhsaithe (ó thaobh caighdeáin de).<br><br>Soláthar acmhainní méadaithe. | Tuairisc dheiridh an tionscadail.<br><br>Suirbhéanna ar úsáid áiseanna. |
| **A2: 7** Cur le feasacht an phobail ar na deiseanna agus na hacmhainní a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil trí sheastáin agus taispeántais a eagrú le haghaidh ócáidí agus comhdhálacha | Feasacht ardaithe i measc an phobail agus sainghrúpaí éagsúla maidir leis an obair a dhéanann Foras na Gaeilge. | Comhairle agus ábhar roinnte leis an bpobal faoi acmhainní agus deiseanna. | Líon daoine a ordaíonn acmhainní, a chláraíonn ar www.forasnagaeilge.ie, a leanann Foras na | Monatóireacht agus tuairisciú ar na meáin shóisialta agus suíomhanna gréasáin. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| oiriúnacha le linn 2023 dírithe ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí. | Deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do phríomhoidí aiseolas a thabhairt mar gheall ar na hacmhainní agus na foilseacháin oideachais a chuirtear ar fáil.<br><br>Acmhainní agus foilseacháin a chur i láthair múinteoirí/príomhoidí. | Seastáin a bheith ag an nGúm agus Foclóir ag comhdhálacha agus ócáidí. | Gaeilge ar na meáin shóisialta.<br><br>Líon cuairteoirí ag seastáin agus tinreamh ag ócáidí.<br><br>Éileamh méadaithe ar sheirbhísí, foilseacháin, scéimeanna agus eolas. | Aiseolas ar an láthair, ar na meáin shóisialta agus ar ríomhphost.<br><br>Tuairisciú ó pháirtithe leasmhara.<br><br>Díolachán na bhfoilseachán (An Gúm agus Foclóir) más cuí. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **A3: 1 Líon na n-aistritheoirí agus eagarthóirí creidiúnaithe a mhéadú agus caighdeán an aistriúcháin agus na heagarthóireachta a fheabhsú trí thacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus trí chur le gairmiúlacht na hearnála tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Aistritheoirí agus tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Eagarthóirí.** **Socrófar scrúdú amháin d'aistritheoirí agus chuirfear tús le córas úr creidiúnaithe d'eagarthóirí.** | Maoirseacht a dhéanamh ar an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí agus an Séala Creidiúnaithe d'Eagarthóirí. | Scrúdú amháin in aghaidh na bliana a reáchtáil.<br><br>Tús curtha le córas úr creidiúnaithe d'eagarthóirí. | Líon na ndaoine a bhfuil séala acu méadaithe. | Aiseolas ó na rannpháirtithe.<br><br>Tuairisc dheiridh tréimhse ón deontaí. |
| **A3: 2** Tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin tríd an tseirbhís ***Freagra*** agus tríd an láithreán gréasán [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie) | Seirbhísí aistriúcháin ar fáil don phobal.<br><br>Oiliúint agus acmhainní ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do dhaoine a bhíonn ag plé leis an nGaeilge scríofa. | An tseirbhís ar fáil. Cuirfear conradh nua trí bliana in áit ó 2023 go 2025.<br><br>An tseirbhís ar fáil. | Lorgófar aiseolas maidir leis na daoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís.<br><br>Lorgófar aiseolas maidir leis na daoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís. | Tuairisc dheiridh tréimhse ó *Freagra Nua Teo*.<br><br>Tuairisc dheiridh tréimhse ó *Aistear*. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **B1: 1** Forbairt a dhéanamh ar na réimsí seo trí chlár oibre réamhaontaithe leis na ceanneagraíochtaí Gaeilge do 2023 agus allúntas bliantúil ina leith a sholáthar: forbairt pobail, fiontraíocht agus tógáil teaghlaigh le Gaeilge (Glór na nGael), ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (Conradh na Gaeilge), agus deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán (Oireachtas na Gaeilge) agus (Cumann na bhFiann).<br>Cruinnithe monatóireachta ráithiúla a eagrú leis na ceanneagraíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna oibre do 2023.<br>Iarratas ar mhaoiniú bliantúil a fháil ó na ceanneagraíochtaí thuasluaite, an t-iarratas a mheas, deontas a mholadh agus a bheith ceadaithe ag an mbord chun plean oibre a aontú do 2024 | Deontas a chur ar fáil do chláracha oibre ar leith i gcomhar le Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge agus le Cumann na bhFiann. | Cláir oibre na gceanneagraíochtaí curtha i gcrích go sásúil.<br><br>Ceithre chruinniú monatóireachta déanta le gach ceanneagraíocht.<br><br>Ceithre cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta | Dul chun cinn i bhforfheidhmiú na bhfeidhmeanna aontaithe a mheas.<br>Cruinnithe rialta den Fhóram Comhpháirtíochta. | Tuairisc ag deireadh na bliana do na ceanneagraíochtaí cuí.<br><br>Tuairisc ráithiúil na gceanneagraíochtaí cuí.<br><br>Cruinnithe monatóireachta. |

| **Gníomh in 2023** | **Torthaí** | **Táscairí in 2023** | **Measúnú Tionchar** | **Foinsí eolais** |
|---|---|---|---|---|
| **B1: 2** Deiseanna úsáidte Gaeilge a éascú do dhaoine óga trí scéimeanna maoinithe a riar le gur féidir le réimse leathan grúpaí campaí samhraidh (90) agus imeachtaí óige (80) a reáchtáil le linn 2023. | Maoiniú do Scéim na gCampaí Samhraidh ar fáil do ghrúpaí gach bliain.<br><br>Maoiniú do Scéim na nImeachtaí Óige ar fáil do ghrúpaí gach bliain. | Riar déanta ar mhaoiniú do Scéim na gCampaí Samhraidh.<br><br>Deiseanna úsáidte Gaeilge curtha ar fáil do pháistí le linn an tsamhraidh.<br>Riar déanta ar mhaoiniú do scéim na n-imeachtaí óige.<br><br>Deiseanna úsáidte Gaeilge ar fáil do dhaoine óga le linn na scoilbhliana. | Nócha campa maoinithe agus ochtó scéim óige maoinithe , agus ardú ar líon na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair sin. | Tuairisc ag deireadh bliana.<br><br>Cuairteanna monatóireachta |
| **B1: 3** Úsáid agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil do thionscadal pobalbhunaithe atá maoinithe tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge**.** Cuirfear tacaíocht ar fáil do shé dheontaí is tríocha ar an iomlán faoin scéim seo in 2023. | Maoiniú a chur ar fáil do dheontaithe na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge (SFLG). | Riar déanta ar an maoiniú do na sé dheontaí is tríocha.<br><br>Deiseanna forbartha Gaeilge ar bhonn pobalbhunaithe curtha ar fáil i sé cheantar is tríocha.<br><br>Cruinniú suímh déanta le deich ndeontaí ar a laghad. | Líon ceantar inar cuireadh maoiniú tacaíochta ar fáil.<br><br>Líon fostaithe pobail Gaeilge.<br><br>Líon agus cineál gníomhaíochtaí Gaeilge a mheas. | Tuairiscí ráithiúla.<br><br>Tuairisc ag deireadh bliana.<br><br>Foinsí ábhartha poiblí.<br><br>Cruinnithe Monatóireachta. |
| **B1: 4** Forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga agus tacaíocht a thabhairt dó in BSGanna agus i líonraí Gaeilge trí mhaoiniú, agus comhairle a sholáthar do na ceanneagraíochtaí | Clár aontaithe PPT na Roinne curtha i bhfeidhm. | Riar déanta ar an maoiniú údaraithe leis na deontaithe.<br><br>Forbairt a dhéanamh ar dheiseanna eile i réimse an PPT. | Líonra Gaeilge agus baile seirbhíse Gaeltachta ag cur plean teanga aontaithe i bhfeidhm. | Tuairiscí ráithiúla.<br><br>Tuairisc ag deireadh bliana.<br><br>Amharcóir pleanála teanga. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| roghnaithe le plean teanga a ullmhú nó a chur i bhfeidhm. Faoi dheireadh 2023 beidh cúig líonra agus trí BSG déag ag cur pleananna teanga i gcrích le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge. | Allúntas PPT ón Roinn caite de réir an chláir oibre aontaithe.<br><br>Cur i bhfeidhm phleananna teanga na gceanneagraíochtaí. | Cruinnithe pobail i gceantair ábhartha an PPT. | Cruinnithe leis na húdaráis áitiúla ábhartha.<br>Úsáid shuíomh Gaelphobal agus meáin shóisialta an PPT. | Staitisticí ó shuíomh Gaelphobal agus na meáin shóisialta an PPT. |
| **B1: 5** Tacaíocht do phobail stádas mar líonraí Gaeilge a bhaint amach trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge. Beidh Foras na Gaeilge ag obair le fiche deontaí de chuid na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge le hiad a ullmhú le hiarratas a dhéanamh ar stádas oifigiúil mar líonraí nuair a fhógróidh RTCEGSM an chéad ghlaoch eile do líonraí Gaeilge | Ardú ar líon na líonraí Gaeilge faoin PPT.<br><br>Ábhar líonraí Gaeilge féideartha tríd an gcéad bhabhta eile de SFLG. | Riar déanta ar an dara babhta den Scéim Líonraí Gaeilge.<br><br>Riar déanta ar an dara babhta de SFLG. | Iarratasóirí rathúla faofa tríd an Scéim Líonraí Gaeilge.<br><br>Líon deontaithe úra sa dara babhta de SFLG ag leibhéal na meánchéime. | Leibhéal suime agus líon iarratasóirí ar an dara babhta den Scéim Líonraí Gaeilge. |
| **B1: 6** Tacaíocht do stáisiúin raidió pobail Ghaeilge (le ceadúnas craoltóireachta bailí) trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil don dá dheontaí reatha lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste tríd an Scéim Raidió Pobail chun clár craoltóireachta lán-Ghaeilge a sholáthar go lán- | Sceideal craoltóireachta raidió pobail lán-Ghaeilge (24/7) curtha ar fáil i gcathracha Bhéal Feirste agus Bhaile Átha Cliath (agus trí shuíomhanna idirlín an dá stáisiún). | Riar déanta ar an gclár bliana agus maoiniú údaraithe leis na deontaithe. | Líon daoine ag soláthar clár.<br><br>Líon daoine ar phrintíseacht nó faoi oiliúint i réimse na craoltóireachta raidió. | Tuairiscí ráithiúla.<br><br>Foinsí ábhartha poiblí.<br><br>Tuairisc ag deireadh bliana. |

| **Gníomh in 2023** | **Torthaí** | **Táscairí in 2023** | **Measúnú Tionchar** | **Foinsí eolais** |
|---|---|---|---|---|
| aimseartha sa dá chathair agus ar líne. | | | | |
| **B1: 7** Tacaíocht do mhargadh léitheoireachta na leabhar Gaeilge trí na gradaim foilsitheoireachta, Gradam Uí Shúilleabháin (leabhair Ghaeilge do dhaoine fásta), Gradam Réics Carló (leabhair Ghaeilge do dhaoine óga) agus Gradam de Bhaldraithe (leabhair aistrithe go Gaeilge) a riar. Fógrófar buaiteoirí na dtrí ghradam ag ócáid poiblíochta ar leith le linn 2023**.** | Na Gradaim Foilsitheoireachta a riar (Gradam Uí Shúilleabháin, Gradaim Réics Carló agus Gradam de Bhaldraithe). | Athbhreithniú bliantúil ar an gcóras i gcomhar le hionadaithe na hearnála.<br><br>Trí dhuaisleabhar fógartha i nDeireadh Fómhair. | Torthaí an phróisis moltóireachta.<br><br>Leibhéal na réamhphoiblíochta agus iarphoiblíochta. | Líon na nduaisleabhar díolta.<br><br>Líon na leabhar eile ón ngearrliosta díolta.<br><br>Leibhéal na poiblíochta. Tuairisc ó eagraíocht bainistithe an phróisis. |
| **B1: 8** Soláthar ábhar léitheoireachta agus eolais do phobal na Gaeilge trí mhaoiniú a sholáthar do dheontaithe reatha Scéimeanna Earnáil na Meán Gaeilge, an Scéim Nuachtáin Ar Líne (Tuairisc.ie), an Scéim Irise Stíle Maireachtála (NÓSmedia) agus an Scéim Irise Gaeilge (Comhar). | Nuachtán lán-Ghaeilge ar líne a bheith á sholáthar go leanúnach – Tuairisc.ie<br><br>Iris stile maireachtála (ar líne) a bheith ar fáil agus uasdátaithe go míosúil – NÓS.<br><br>Iris sainspéise (i bhfoirm cóipe crua mar aon le rochtain ar líne) – Comhar. | Riar a dhéanamh ar phríomheagraíochtaí roghnaithe na meán Gaeilge (scríofa agus ar líne).<br><br>Eagrán leictreonach den nuachtán ar líne uasdátaithe go laethúil.<br><br>Eagrán leictreonach den iris stíle maireachtála foilsithe go míosúil.<br><br>Cóip chrua den iris sainspéise foilsithe go míosúil. | Staitisticí ar líon léitheoirí/úsáideoirí/ lucht leanúna.<br><br>Treochtaí fáis. | Tuairiscí (tráthrialta agus go bliantúil) ar líon na léitheoirí agus lucht leanúna ag gach foilseachán.<br><br>Cruinnithe monatóireachta rialta. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **B1: 9** Tacaíocht a chur ar fáil do scríbhneoirí, d'fhoilsitheoirí agus don phobal léitheoireachta trí na scéimeanna seo a leanas:<br>a. Scéim na Foilsitheoireachta<br><br>b. Scéim na gCoimisiún<br><br>c. Scéim na dTionscadal Litríochta<br><br>**d.** An Scéim Meantóireachta. | Scéim na Foilsitheoireachta Saothair ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus do léitheoirí Gaeilge.<br><br>Scéim na gCoimisiún Ciste a thacódh le foilsitheoirí agus scríbhneoir(í) a choimisiúnú le saothar ar leith a scríobh.<br><br>Scéim na dTionscadal Litríochta.<br><br>An Scéim Meantóireachta Ciste chun tacú le scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta. | Trí fhoilsitheoir déag maoinithe faoin scéim. Próiseas athbhreithnithe leanúnach ar bun ar mhaithe le scéim athbhreithnithe a fhorbairt.<br><br>Comórtas na Leabhar Gaeilge á reáchtáil ar bhonn míosúil mar thacaíocht do na foilsitheoirí tríd an nuachtlitir, suíomh agus na meáin shóisialta.<br><br>Scéim na gCoimisiún 2023-24 fógartha den chéad uair ó bhí 2019 ann. Suas le hocht gcoimisiún bronnta.<br>Naoi dtionscadal litríochta maoinithe faoin scéim. Próiseas athbhreithnithe leanúnach ar bun ar mhaithe le scéim athbhreithnithe a fhorbairt.<br><br>Meantóireachtaí maoinithe faoin scéim. Ceardlanna tacaíochta á reáchtáil do rannpháirtithe na scéime. | Líon na leabhar foilsithe, réimsí ábhar léitheoireachta na leabhar, léirmheasanna na leabhar, próiseas monatóireachta na scéime, líon na n-iarratas ar an gcomórtas.<br><br>Líon na gcoimisiún, próiseas monatóireachta na scéime.<br><br>Líon na dtionscadal litríochta, próiseas monatóireachta na scéime.<br>Líon na scríbhneoirí/meantóirí rannpháirteacha, próiseas monatóireachta na scéime, aiseolas na rannpháirtithe. | Iarratais agus tuairiscí na bhfoilsitheoirí; léirmheasanna CNLG ar leabhair a foilsíodh faoin scéim.<br><br>Campaign Monitor.<br>Iarratais agus tuairiscí na bhfoilsitheoirí.<br><br>Iarratais agus tuairiscí na ndeontaithe.<br><br>Iarratais agus tuairiscí na scríbhneoirí/meantóirí; léirmheasanna na scéime etc. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **B1: 10** Leabhair léitheoireachta a fhoilsiú.<br><br>Pictiúrleabhair do dhaoine óga a fhoilsiú.<br><br>Socruithe a chur in áit chun leabhair nua léitheoireachta do dhéagóirí (a bheadh le foilsiú in 2024 ) a chur á scríobh/aistriú.<br><br>Eagráin nua de chlasaicí ardéilimh a réiteach agus a fhoilsiú. | An léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a chur chun<br>cinn trí réimse leathan d'fhoilseacháin a chur ar fáil:<br>soláthar d'aoisghrúpaí ar leith; athchlónna ar chlasaicí, etc. | Réimse leathan d'fhoilseacháin a chur ar fáil.<br><br>Sraith de leabhair nua do dhaoine óga a chur i gcló in 2023, idir phictiúrleabhair do phaistí óga agus leabhair a d'oirfeadh do pháistí meánscoile.<br><br>Pleananna a dhéanamh le comhairleoirí agus páirtithe seachtracha/leasmhara maidir leis na réimsí is gá a shaothrú agus socruithe a chur in áit chun leabhair a fhreastalaíonn ar na bearnaí sin a sholáthar.<br><br>Leanúint leis an obair le heagarthóirí seachtracha chun eagráin nua de sheanchlasaicí a réiteach.<br>Teidil eile le Cathal Ó Sandair a fhoilsiú. | Aiseolas ón bpobal.<br>Trácht ar na meáin shóisialta.<br>Léirmheasanna.<br>Figiúirí díolacháin. | Trácht idirlín.<br>Figiúirí díolacháin. |

| Gníomh in 2023 | Torthaí | Táscairí in 2023 | Measúnú Tionchar | Foinsí eolais |
|---|---|---|---|---|
| **B1: 11** Rochtain a éascú ar ábhar léitheoireachta do phobal na Gaeilge, agus do na pobail Ghaeilge cheantarbhunaithe trí leabhair Ghaeilge a sheachadadh ar shiopaí leabhar. | Seirbhís dáileacháin a chinntiú. Díolacháin a choimeád ar comhchéim nó níos airde ná an bhliain roimhe. Dáileachán leabhar ginearálta a chinntiú tríd an líonra de 250+ siopa atá ag fáil soláthar leabhar ó Áis. | Infheistíocht in acmhainní agus teicneolaíocht Áis. | Figiúirí díolachán, aiseolas ó pháirtithe leasmhara - foilsitheoirí agus siopaí leabhar go háirithe. Aiseolas ó chustaiméirí an phobail léitheoireachta. Aiseolas an timire díolacháin. | Tuairiscí díolacháin, aiseolas ó pháirtithe leasmhara. |

| **Gníomh in 2023** | **Torthaí** | **Táscairí in 2023** | **Measúnú Tionchar** | **Foinsí eolais** |
|---|---|---|---|---|
| **B2: 1** Rochtain Fhoras na Gaeilge ar phobal na Gaeilge sa domhan fíorúil a fhorbairt agus a mhéadú trí chothabháil leanúnach, forbairt, nuashonrú agus breisiú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha foclóra agus téarmaíochta ar líne. Áireofar leis seo athdhearadh ar shuíomhanna poiblí. | Breis ábhair a bheith ar fáil ar na suíomhanna foclóireachta agus téarmaíochta. | Nuashonrú le déanamh ar an dá aip foclóireachta agus feidhmeanna breise le cur leis an Draoi Gramadaí in 2023.<br><br>Deich gcruinniú den Choiste Téarmaíochta in aghaidh na bliana.<br><br>Comórtais tairisceana a eagrú d'óstáil agus forbairt ar an suíomh téarma.ie don tréimhse 2024-2026, d'fhonn conarthaí a bheith réidh le síniú i R1 2024. | Aiseolas ón bpobal chuig seoltaí aiseolais na suíomhanna éagsúla. | Sonraí Google Analytics; comhfhreagras ón bpobal le Foras na Gaeilge. |
| **B2: 2** Comhpháirtíocht leanúnach a chothú idir Foras an Gaeilge, Lá Domhanda na Leabhar agus Leabhair Pháistí **Éireann** lena chinntiú go mbeidh leabhar Gaeilge, áiseanna tacaíochta maidir le léitheoireacht na Gaeilge mar aon le cur chuige dátheangach sa phoiblíocht agus sa mhargaíocht á chur chun cinn le linn | Leabhar Gaeilge a sholáthar mar chuid den mhórfheachtas Lá Domhanda na Leabhar. | Beidh leabhar Gaeilge ar fáil mar chuid de Lá Domhanda na Leabhar 2023. Beidh plean margaíochta cuimsitheach curtha i bhfeidhm i gcomhar le Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar. | Líon na n-orduithe ó na siopaí leabhar, anailís ar ghníomhaíocht idirlín, na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide, aiseolas an fhoilsitheora, Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar. | Staitisticí ó Áis, Argosy Books, Nielsen Book Scan Data, an foilsitheoir, Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar maidir le horduithe, díolacháin agus tionchar na ngníomhaíochtaí margaíochta. |

